Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine LADTI+

## 2019-2021



| | |
|---|---|
| Brollach leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais | 1 |
| Brollach leis an Aire Stáit le freagracht as Comhionannas, Inimirce agus Imeascadh | 2 |
| Cén fáth a bhfuil gá ann le Straitéis Náisiúnta? | 3 |
| Fís, Misean agus Luachanna | 5 |
| Cé dó a bhfuil an Straitéis seo? | 6 |
| An Comhthéacs Beartais agus Reachtach | 7 |
| An Comhthéacs Idirnáisiúnta | 8 |
| Conas a forbraíodh an Straitéis | 9 |
| Conas a dhéanfar faireachán ar chur chun feidhme na Straitéise | 10 |
| **Colúin Théamacha na Straitéise** | |
| Infheicthe agus Cuimsithe | 11 |
| Ag Fáil Cóir Chomhionann | 13 |
| Sláintiúil | 14 |
| Sábháilte agus Faoi Thacaíocht | 15 |
| An Plean Gníomhaíochta chun tacú leis an Straitéis | 17 |
| Aguisíní | 28 |




# Brollach leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Sa bhliain 2022, rachaidh Éire isteach sa dara céad bliain ina bhfuil sí ina stát neamhspleách. Beidh sí ina stát bródúil, forásach agus nua-aimseartha. Sa Straitéis seo um Chuimsiú Daoine Leispiacha, Aeracha, Déghnéasacha, Trasinscneacha agus Idirghnéasacha (LADTI+), leagtar amach na gníomhartha a bheartaímid a dhéanamh idir seo agus an bhliain 2022 chun Éire a chruthú ina léirítear meas cothrom ar a daoine LADTI+. Táimid ag déanamh dul chun cinn suntasach le roinnt mhaith blianta anuas ar chomhionannas do dhaoine LADTI+ a chur chun cinn agus ar fhreastal ar na riachtanais athraitheacha atá ag ár muintir éagsúla.



Cuireann an Straitéis um Chuimsiú Daoine LADTI+ leis an gclú atá ar Éirinn le fada an lá mar thír ina gcuirtear cearta an duine chun cinn. Déantar amhlaidh ach gealltanais a thabhairt go ndéanfar cearta na ndaoine LADTI+ a chur chun cinn agus a chosaint ar fud an domhain.

Leis an Straitéis um Chuimsiú Daoine LADTI+, tugtar deis dúinn cur chuige straitéiseach a chur chun feidhme i leith aghaidh a thabhairt ar na riachtanais atá ag daoine LADTI+. Is rud tábhachtach é sin toisc nár measúnaíodh na torthaí do dhaoine LADTI+ ar fud earnálacha éagsúla, lena n-áirítear sa tsláinte, san fhostaíocht agus san oideachas, agus nár tugadh aghaidh orthu ina n-iomláine toisc nach ann d'aon straitéis chuimsitheach, cé go ndearnadh an-dul chun cinn i réimsí sonracha. Mar an gcéanna, teastaíonn cur chuige comhordaithe i leith a chinntiú go gcuimseofar go hiomlán sa bheartas Rialtais agus i seirbhísí Rialtais na riachtanais atá ag daoine LADTI+. Leis an Straitéis, tugtar páirt do na Ranna Rialtais uile agus do lear gníomhaireachtaí poiblí. Tá ceithre phríomhsprioc ag an Straitéis, mar atá: infheictheacht, comhionannas, sláinte, agus sábháilteacht. Tá an Rialtas ag dul i mbun gnímh faoi chuimsiú na Straitéise seo chun cur le hinfheictheacht na ndaoine LADTI+ inár sochaí, inár bpobail, inár n-áiteanna oibre agus inár dteaghlach. Cuirfidh an Straitéis ar ár gcumas obair ar fud an Rialtais chun a chinntiú go bhfaighidh daoine LADTI+ cóir chomhionann agus go gcosnófar a gcearta.

Tá dúshláin ann nach mór dul i ngleic leo fós. Ní i gcónaí a mhothaíonn daoine LADTI+ go bhfuil siad sábháilte sa spás poiblí. Bíonn siad ag déileáil fós le leibhéil dho-ghlactha chiaptha agus le hidirdhealú i roinnt áiteanna oibre agus bíonn fadhbanna sláinte ar leith acu. Mar Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, measaim go bhfuil sé tábhachtach gur cheart an creat le haghaidh gníomhaíochta a sholáthar sa Straitéis seo chun cur ar chumas daoine LADTI+ a mhothú go mbíonn siad slán sábháilte ina saol laethúil.

Is ábhar bróid d'Éirinn go mbíonn sí i gcónaí ag cosaint chearta an duine ar fud an domhain. Cuireann an Straitéis um Chuimsiú Daoine LADTI+ leis an gclú atá ar Éirinn le fada an lá mar thír ina gcuirtear cearta an duine chun cinn. Déantar amhlaidh ach gealltanais a thabhairt go ndéanfar cearta na ndaoine LADTI+ a chur chun cinn agus a chosaint ar fud an domhain.

Leagtar torthaí uaillmhianacha do dhaoine LADTI+ amach sa Straitéis seo. Tá súil agam gur de bharr chur chun feidhme na Straitéise a dhéanfar athruithe bunúsacha a rachaidh chun tairbhe do shaol laethúil na ndaoine LADTI+ i bpobail uirbeacha agus i bpobail tuaithe fud fad na tíre.

**Charles Flanagan TD**
An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais

# Brollach leis an Aire Stáit le freagracht as Comhionannas, Inimirce agus Imeascadh

Tá an Straitéis seo ina léiriú ar thiomantas daingean an Rialtais do dhaoine LADTI+. Tá an Straitéis LADTI+ ina creat cuimsitheach le haghaidh gníomhaíochta ar son comhionannas do dhaoine LADTI+ sa dá bhliain go leith atá romhainn. Áirítear léi 108 ngníomh atá ailínithe go díreach le torthaí nithiúla arb é is aidhm dóibh saol na ndaoine LADTI+ ar fud na hÉireann a bhunathrú chun feabhais.



Tá súil agam go mbeimid in ann an Straitéis seo a úsáid chun athruithe dearfacha a chur chun cinn lena gcuirfear ar chumas daoine LADTI+ leas a bhaint as infheictheacht, comhionannas agus sábháilteacht i sochaí na hÉireann.

Táim ag súil le cathaoirleacht a dhéanamh ar an gCoiste cur chun feidhme a dhéanfaidh formhaoirseacht ar an Straitéis seo. Beidh sé ina dheis do ghrúpaí LADTI+ obair i gcomhar le Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí poiblí agus an tsochaí shibhialta chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus chun deiseanna a mhéadú do dhaoine LADTI+. Tá sé beartaithe go mbeidh nasc ag an Straitéis seo leis na straitéisí reatha a ndéanaim cathaoirleacht orthu d'imircigh, do chailíní agus mná, do dhaoine den lucht siúil agus do Romaigh agus leis an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas a ndéanann an tAire Finian McGrath cathaoirleacht uirthi chun go mbeifear in ann cineálacha trasnacha cur chuige a fhorbairt chun freagairt do na saincheisteanna casta a thagann chun cinn do lear daoine LADTI+. Tiocfaidh an Straitéis go maith leis an Straitéis Óige Náisiúnta LGBTI+ atá faoi stiúir ag an Aire Katherine Zappone agus ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Beidh ról le himirt ag gach duine dínn ina chinntiú go n-éireoidh leis an Straitéis seo. Rachaidh cur chun feidhme na Straitéise seo chun tairbhe do dhaoine aonair, teaghlaigh, scoileanna, áiteanna oibre agus pobail. Beidh sé tábhachtach más duine LADTI+ atá i nduine muinteartha, i gcara nó i gcomhghleacaí oibre linn agus ní mór dúinn a chinntiú gur cuimsitheach agus tacúil atá ár dteaghlach, ár n-áiteanna oibre, ár bpobail agus sochaí na hÉireann. Is eol dúinn go bhfuil an-chuid oibre le déanamh againn chun an méid sin a bhaint amach do dhaoine LADTI+ ar fud na tíre. Is inár dteaghlach, inár n-áiteanna oibre agus inár bpobail atá na bloic thógála le haghaidh athruithe. Táim ag leagan béim le fada an lá ar a thábhachtaí atá an pobal ó thaobh chomhtháthú na héagsúlachta de. Creidim gur féidir le pobail ról gníomhach a imirt i ndeireadh a chur leis na bacainní a chuireann cosc ar dhaoine LADTI+ páirt iomlán a ghlacadh inár sochaí mar dhaoine cothroma.

Agus muid ag obair le chéile, tá súil agam go mbeimid in ann an straitéis seo a úsáid chun athruithe dearfacha a chur chun cinn lena gcuirfear ar chumas daoine LADTI+ leas a bhaint as infheictheacht, comhionannas agus sábháilteacht i sochaí na hÉireann.

**David Stanton TD**
An tAire Stáit sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais le freagracht speisialta as Comhionannas, Inimirce agus Imeascadh



An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine LADTI+

# Cén fáth a bhfuil gá ann le Straitéis Náisiúnta?

Le foilsiú na Straitéise Óige Náisiúnta LGBTI+ i mí an Mheithimh 2018, an chéad cheann riamh a foilsíodh ar domhan, deimhníodh an tábhacht a bhaineann le creat straitéiseach a bheith ann chun a shainaithint cé na saincheisteanna a d'fhéadfadh cosc a chur ar dhaoine LADTI+ comhionannas iomlán a bheith acu i ndáiríre i sochaí na hÉireann agus chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.

Tá dhá chúis ann ar gá cur chuige straitéiseach a ghlacadh i leith comhionannas do dhaoine LADTI+. Ar an gcéad dul síos, is saincheisteanna struchtúracha iad an-chuid de na saincheisteanna a chuireann cosc ar dhaoine LADTI+ lán a gcumais a bhaint amach i sochaí na hÉireann. Chun déileáil leo, teastaíonn cur chuige uile-Rialtais i leith réitigh chuí a cheapadh. Ar an dara dul síos, tá riosca ann go gceapann muintir na hÉireann go bhfuil comhionannas agus cuimsiú iomlán bainte amach ag daoine LADTI+ ós rud é gur gnóthaíodh comhionannas pósta agus gur achtaíodh an tAcht um Inscne a Aithint, 2015. Tá dúshláin ann fós i roinnt réimsí, áfach. Dar le sonraí a d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh le déanaí faoi Chomhionannas agus Idirdhealú, ba iad daoine LADTI+ na daoine is mó a ndearnadh idirdhealú ina n-aghaidh (33.2%). Ba iad daoine ó chúlraí eitneacha neamhgheala (33.1%), daoine dífhostaithe (30.2%) agus daoine nach Éireannaigh iad (26.7%).

Tá an Straitéis seo á forbairt i dteannta cur chuige uile-Rialtais chun sraith gníomhartha a chuirfear chun feidhme idir seo agus mí na Nollag 2021 a leagan amach. Trí straitéis náisiúnta a bheith ann, tugtar creat is féidir le grúpaí LADTI+ a úsáid chun saincheisteanna nach mór aghaidh a thabhairt orthu fós a shainaithint. Chomh maith leis sin, tá sí ina struchtúr ina bhféadann Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí poiblí, grúpaí gnó, ionadaithe d'fhostóirí agus d'fhostaithe agus an tsochaí shibhialta obair i gcomhar le chéile chun teacht ar réitigh ar na saincheisteanna sin. Is trí chur chuige straitéiseach a glacadh is féidir fianaise a bhailiú ar chúinsí agus taithí na ndaoine LADTI+ ionas go mbeifear in ann seirbhísí a mhúnlú agus a athbhreithniú chun cur ar a gcumas freastal ar na riachtanais atá ag daoine LADTI+ agus go mbeifear in ann gníomhartha dearfacha a dhéanamh chun saol na ndaoine LADTI+ a fheabhsú.

Rud eile a dhéanann straitéis náisiúnta is ea go gcruthaíonn sí creat inar féidir aghaidh a thabhairt ar an trasnachas (is é sin, cásanna ina bhféadfadh daoine idirdhealú a fhulaingt ar bhonn níos mó ná ceann amháin de na naoi bhforas comhionannais, e.g. daoine LADTI+ ar daoine den lucht siúil, imircigh, daoine scothaosta nó daoine faoi mhíchumas iad). Chuige sin, tá sé beartaithe go mbeidh baint ag na struchtúir lena bhformhaoirsítear an Straitéis seo um Chuimsiú Daoine LADTI+ leis na struchtúir sin a bhaineann le Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní, an Straitéis Óige Náisiúnta LGBTI+, an Straitéis maidir le hImeascadh na nImirceach, an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas agus an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach chun go mbeifear in ann aghaidh a thabhairt ar bhealach níos sistéamaí ar shaincheisteanna trasnacha a théann i bhfeidhm ar dhaoine LADTI+ ar daoine den lucht siúil, Romaigh, daoine faoi mhíchumas, imircigh, daoine óga nó mná iad.

Aithnítear sa Straitéis seo go mbeidh ar sheirbhísí príomhshrutha dearcthaí daoine LADTI+ a chur san áireamh agus seirbhísí á soláthar acu chun go mbeidh an rochtain chéanna ag daoine LADTI+ ar sheirbhísí is atá ag daoine eile. Is é a bheidh i gceist leis sin ar an gcéad dul síos ná na seirbhísí atá ann cheana a athbhreithniú chun a chinntiú gurb infheicthe a bheidh daoine LADTI+ agus go gcuimseofar iad iontu. Chun déanamh amhlaidh, d'fhéadfadh go mbeadh ar sheirbhísí a chur in iúl go follasach go bhfuil siad cuimsitheach i leith úsáideoirí seirbhíse LADTI+. Ar an dara dul síos, d'fhéadfadh go mbeadh ar sheirbhísí níos mó a dhéanamh ná a chur in iúl go bhfuil siad ar oscailt d'úsáideoirí LADTI+. Sna cásanna sin, d'fhéadfadh go mbeadh ar sheirbhísí an soláthar a oiriúnú chun go mbeadh an rochtain chéanna ag daoine LADTI+ orthu is atá ag úsáideoirí eile. I gcás go bhfuil riachtanais ar leith ag daoine LADTI+ nó i gcás gur measa na torthaí dóibh ná na torthaí do ghrúpaí eile, d'fhéadfadh go mbeadh ar sheirbhísí príomhshrutha bearta dearfacha a thabhairt ar aghaidh atá spriocdhírithe go sonrach ar na riachtanais atá ag daoine LADTI+.

Taca don Straitéis is ea gníomh ginearálta lena gcuirtear oiriúnú an tsoláthair seirbhíse do dhaoine LADTI+ chun cinn. Chuige sin, bainfear leas as an dualgas earnála poiblí um chomhionannas agus cearta an duine chun tacú le seirbhísí poiblí cur chuige níos sistéamaí a ghlacadh ar mhaithe le tuiscint a ghnóthú ar na riachtanais atá ag úsáideoirí seirbhíse LADTI+ agus freastal ar na riachtanais sin. Ag gabháil leis an Straitéis a bheidh gníomhartha taighde, bailithe sonraí agus anailíse a mbeidh mar aidhm leo bonn fianaise a thógáil chun cur ar chumas soláthraithe seirbhíse poiblí freastal ar na riachtanais atá ag úsáideoirí seirbhíse LADTI+.

Ag gabháil léi freisin a bheidh tionscnaimh a mbeidh mar aidhm leo feasacht a mhéadú agus cur le cumas na bhfostóirí agus na soláthraithe seirbhíse poiblí tuiscint a ghnóthú ar na riachtanais atá ag daoine LADTI+ agus freagairt do na riachtanais sin.
Is é an toradh a bheidh ar an Straitéis seo go gcabhrófar leis an Rialtas, comhlachtaí poiblí, an tsochaí shibhialta, an earnáil gnó agus ionadaithe d'fhostóirí agus d'fhostaithe dul i mbun gnímh i gcomhar le chéile chun feabhas a chur ar eispéireas saoil na ndaoine LADTI+ i sochaí na hÉireann. Áirítear léi gníomhartha chun infheictheacht daoine LADTI+ a chur chun cinn san áit oibre, sa chultúr, san oideachas agus sa turasóireacht. Tá an Státseirbhís ag iarraidh a bheith ina heiseamláir mar fhostóir roghnaithe do dhaoine LADTI+ ach gealltanas a thabhairt go mbunófar líonra LADTI+ ar fud na seirbhíse, agus í ag cur leis na líonraí atá i bhfeidhm cheana féin i roinnt Ranna Rialtais. Leis an marcóir aitheantais phoiblí, a moladh den chéad uair sa Straitéis Óige Náisiúnta LGBTI+, cuirfear ar chumas gnólachtaí agus eagraíochtaí ar fud na hÉireann a thaispeáint go bhfuil tiomantas infheicthe acu d'fháilte a chur roimh chustaiméirí agus úsáideoirí seirbhíse ar daoine LADTI+ iad agus do na daoine sin a chuimsiú.

Áirítear leis an Straitéis freisin gníomhartha a bhfuil mar aidhm leo na cosaintí comhionannais atá ann do dhaoine LADTI+ agus dá dteaghlach a neartú.

Aithnítear sa Straitéis gur féidir le daoine LADTI+ torthaí sláinte níos measa a fhulaingt. Mar fhreagairt don fhadhb sin, moltar gníomhartha inti chun tacú le daoine LADTI+ torthaí sláinte níos fearr a bheith acu. Áirítear léi gníomhartha sonracha chun tacaíocht a thabhairt do dhaoine trasinscneacha agus idirghnéasacha. Cuimsítear sa Straitéis gníomhartha a bhfuil mar aidhm leo tacú le daoine LADTI+ bheith slán sábháilte agus iad sa spás poiblí agus ar iompar poiblí.

Seoladh an Straitéis Óige Náisiúnta LGBTI+ (2018-2020) i mí an Mheithimh 2018. Dá réir sin, dírítear sa Straitéis seo den chuid is mó ar an bpobal agus na saincheisteanna nach gcumhdaítear leis an Straitéis Óige, cé go bhfuil roinnt gníomhartha forluiteacha ann sa dá Straitéis.

Is doiciméad beo é seo ina n-aithnítear go mbíonn riachtanais agus tuiscintí ag athrú go mear agus go mbeidh sé riachtanach torthaí agus gníomhartha atá ann cheana a oiriúnú agus gníomhartha nua a chur leis idir seo agus mí na Nollag 2021. Beidh ról ag an gCoiste Straitéise beartaithe ina mholadh cé na gníomhartha agus na torthaí nach mór a mhodhnú nó a chur leis an Straitéis de réir mar a thagann sí chun cinn.

> Is doiciméad beo é seo ina n-aithnítear go mbíonn riachtanais agus tuiscintí ag athrú go mear







# Fís, Misean agus Luachanna

## Fís

Éire atá sábháilte, cóir agus uilechuimsitheach agus ina dtacaítear le daoine rath a bhaint amach agus saol cuimsitheach, sláintiúil agus sásúil a bheith acu, beag beann ar a ngnéaschlaonadh, ar a bhféiniúlacht nó léiriú inscne agus ar a dtréithe gnéis.

## Misean

Cuimsiú a chur chun cinn, cearta a chosaint agus feabhas a chur ar cháilíocht beatha agus folláine do dhaoine LADTI+, rud a chuirfidh ar a gcumas páirt iomlán a ghlacadh i saol sóisialta, eacnamaíoch, cultúrtha agus polaitiúil na hÉireann.

## Luachanna

Beidh forbairt agus cur chun feidhme na Straitéise bunaithe ar na croíphrionsabail seo a leanas:

**Comhionannas:**
Oibreoimid ar son comhionannas iomlán a áirithiú do dhaoine LADTI+ in Éirinn agus ar son idirdhealú ina n-aghaidh a chomhrac, lena n-áirítear trína gcearta a chosaint agus a chur chun cinn.

**Meas ar Éagsúlacht:**
Aithnímid éagsúlacht féiniúlachtaí agus dearcthaí na ndaoine laistigh den mhórphobal LADTI+ agus tugaimid meas ar an éagsúlacht sin.

**Cuimsiú:**
Féachaimid le dearcthaí daoine LADTI+ a chur ar áireamh i ngach gné den bheartas Rialtais agus den soláthar seirbhíse le linn dúinn obair ar son tacaí níos fearr a chinntiú ar leibhéal an phobail.

**Infheictheacht:**
Oibrímid chun an léiriú dearfach neamhsteiréitipiciúil ar dhaoine LADTI+ a mhéadú sa saol poiblí.

**Comhoibriú:**
Oibrímid i gcomhpháirt ar fud an Rialtais agus leis an tsochaí shibhialta, an earnáil gnó agus ionadaithe d'fhostóirí agus d'fhostaithe.

**Inrochtaineacht:**
Admhaímid na bacainní reatha agus stairiúla a d'fhéadfadh cosc a chur ar dhaoine LADTI+ comhionannas iomlán a bheith acu i ndáiríre agus oibrímid chun na bacainní sin a bhaint i ngach réimse, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le tréithe inscne agus gnéis.

**Cuntasacht:**
Cuirimid sásraí láidre formhaoirseachta ar áireamh ach leas a bhaint as saineolas na sochaí sibhialta agus an phobail chun sinn a choimeád cuntasach as cur chun feidhme na Straitéise.



# Cé dó a bhfuil an Straitéis seo?

Is do gach duine dínn atá an Straitéis um Chuimsiú Daoine LADTI+. Tá sí do dhaoine LADTI+, comhghuaillithe le daoine LADTI+ (daoine a thacaíonn leis an bpobal LADTI+ ach nach bhfuil ina gcuid den phobal LADTI+ iad féin), pobail, áiteanna oibre, ionadaithe d'fhostóirí agus d'fhostaithe, comhlachtaí poiblí, teaghlaigh, cairde agus comharsana.

Is é aidhm na Straitéise seo cuimsiú, comhionannas, sláinte agus sábháilteacht do dhaoine LADTI+ a chur chun cinn. Tá sí dírithe ar chur ar chumas shochaí na hÉireann tacú leis na hathruithe a theastaíonn chun deireadh a chur leis na bacainní a fhéadann cosc a chur ar dhaoine LADTI+ cóir chomhionann a fháil mar rannpháirtithe iomlána cothroma. Tugann sí róil do Ranna Rialtais, comhlachtaí poiblí, líonraí gnó, ceardchumainn agus an tsochaí shibhialta, ag gníomhú dóibh mar gheallsealbhóirí, i gcomhionannas do dhaoine agus teaghlaigh LADTI+ a chur chun cinn.

Tá an Straitéis dírithe ar leispiaigh, fir aeracha, daoine déghnéasacha, daoine trasinscneacha, daoine atá neamh-chomhréireach ó thaobh inscne de, daoine idirghnéasacha agus daoine eile sa phobal LADTI+, beag beann ar a n-aois, a n-eitneacht, a gcineálacha cumais, a gcúinsí teaghlaigh agus aon tuairimí creidimh atá acu. Roghnaíodh an t-acrainm LADTI+ ar bhonn a chuimsitheachta leithne. Tá an tsolúbthacht aige féiniúlachtaí breise agus éiritheacha a chumhdach ach an comhartha + a úsáid. Aithnítear ann go bhfuil an pobal LADTI+ comhdhéanta d'éagsúlacht leathan féiniúlachtaí, a bhfuil ag gach ceann díobh riachtanais shonracha agus dearcthaí sonracha nach féidir aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach aonchineálach.

> Roghnaíodh an t-acrainm LADTI+ ar bhonn a chuimsitheachta leithne. Tá an tsolúbthacht aige féiniúlachtaí breise agus éiritheacha a chumhdach ach an comhartha + a úsáid.



LADTI+





# An Comhthéacs Beartais agus Reachtach

Leis an Straitéis um Chuimsiú Daoine LADTI+, cuirtear leis an mbeartas comhionannais atá ann cheana. Tá sí faoi chuimsiú na gcoimircí a sholáthraítear le reachtaíocht comhionannais na hÉireann. Ón uair a díchoiríodh an homaighnéasachas sa bhliain 1993 i leith, ghabh Rialtais chomhleanúnacha orthu féin bearta forásacha a dhéanamh chun a chinntiú go leanfar le dlí agus cleachtais na hÉireann a thabhairt ar aghaidh agus freagairt go dearfach dár ndifríochtaí aonair. Baineadh a lán garspriocanna amach san aistear sin.

Tá reachtaíocht láidir comhionannais i bhfeidhm ag Éirinn chun idirdhealú atá bunaithe ar ghnéaschlaonadh a chomhrac. Leis na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015, déantar coir den idirdhealú i raon leathan réimsí fostaíochta agus réimsí a bhaineann leis an bhfostaíocht. Áirítear iad seo a leanas leis na prionsabail sin: earcaíocht agus ardú céime; pá comhionann; dálaí oibre; oiliúint nó taithí; dífhostú; agus ciapadh, lena n-áirítear ciapadh gnéasach. Is é an sainmhíniú a thugtar ar 'idirdhealú' ná caitheamh le duine amháin ar bhealach níos neamhfhabhraí ar bhonn ceann ar bith de na naoi bhforas seo a leanas: inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, reiligiún, aois, míchumas, cine (lena n-áirítear dath, náisiúntacht nó bunadh eitneach nó náisiúnta) agus ballraíocht den Lucht Siúil. Cé gurb é an léiriú sa chásdlí go bhforáiltear leis an bhforas inscne do chosaint a thabhairt do dhaoine atá neamh-chomhréireach ó thaobh inscne de, déanfar breithniú mar chuid den Straitéis seo ar an reachtaíocht atá ann cheana a leasú chun cosaint níos follasaí a thabhairt.
Leis na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000-2015, tugtar aghaidh ar idirdhealú díreach agus indíreach sa rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus sa soláthar earraí agus seirbhísí ar dheich bhforas. Is é atá sna forais sin na naoi bhforas atá leagtha amach sna hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta agus an foras 'cúnamh tithíochta'. Is é aidhm na reachtaíochta ná comhionannas a chur chun cinn agus cosc a chur ar idirdhealú (díreach, indíreach agus i gcomhar) agus ar íospairt. Foráiltear léi freisin do bhearta dearfacha chun comhionannas iomlán a chinntiú sna deich bhforas uile.

Sa bhliain 2010, cuireadh ar chumas lánúineacha comhghnéis leis an Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí aitheantas a fháil dá gcaidreamh. Ba é sin an chéad uair riamh a tugadh aitheantas dlíthiúil in Éirinn do cé chomh luachmhar agus chomh tábhachtach is atá caidreamh comhghnéis.

D'éirigh Éire ina ceannródaí domhanda sa bhliain 2015 nuair a d'éirigh sí ar an gcéad tír riamh a thug Comhionannas Pósta iomlán isteach trí bhíthin reifrinn. Leis an Acht Pósta, 2015, tugtar éifeacht sa dlí reachtach don 34ú leasú ar an mBunreacht. Sa bhliain chéanna, achtaíodh an tAcht um Inscne a Aithint, 2015. Foráiltear leis an Acht do shamhail féinchinntiúcháin um aithint dhlíthiúil inscne lena gceadaítear do dhaoine os cionn 18 mbliana d'aois féindearbhú a dhéanamh ar a bhféiniúlacht inscne féin. Is réimse tosaíochta le haghaidh cearta an duine a chur ar aghaidh i mbeartas eachtrach na hÉireann atá i gcearta daoine LADTI+ a chur chun cinn agus a chosaint. Léirítear an tiomantas sin sa doiciméad dar teideal *An tOileán Domhanda: Beartas Eachtrach na hÉireann maidir le Domhan atá ag Athrú (2015).*

> Foráiltear leis an reachtaíocht comhionannais do bhearta dearfacha chun comhionannas iomlán a bhaint amach ar fud na bhforas comhionannais. I láthair na huaire, is ann do straitéisí náisiúnta cuimsithe i dtaca le ceithre cinn de na forais:
>
> - An Straitéis maidir le hImeascadh na nImirceach (2017-2020)
> - An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas (2017-2021)
> - Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní (2017-2020)
> - An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach (2017-2021)

Beidh nasc ag an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine LADTI+ leis na straitéisí sin chun creat straitéiseach dinimiciúil ar féidir oibriú dá réir a chumasú. Faoin gcreat sin, freagraíonn gach straitéis cuimsithe do riachtanais chomhionannais aonair atá sonrach dá príomhfhoras. Ag an am céanna, oibríonn na straitéisí uile le chéile chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna trasnacha.

# An Comhthéacs Idirnáisiúnta

Áirithítear le dlí an Aontais Eorpaigh go bhfaighidh gach duine cóir chomhionann i gcomhthéacs fostaíochta agus gairmoiliúna, beag beann ar a ngnéas agus ar a ngnéaschlaonadh. Le conarthaí an Aontais Eorpaigh, le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus leis an Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta, áirithítear an ceart chun comhionannais agus chun neamh-idirdhealúcháin. Chomh maith leis sin, ceanglaítear leo ar an Aontas Eorpach bheith réamhghníomhach in idirdhealú den sórt sin a chomhrac. Sa bhliain 2015, d'fhoilsigh Coimisiún an Aontais Eorpaigh Liosta Gníomhartha chun Comhionannas do Dhaoine LADTI+ a chur chun cinn.

Ghlac Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine Rúin shuntasacha maidir le cearta an duine, le gnéaschlaonadh agus le féiniúlacht inscne an 17 Meitheamh 2011 agus an 26 Meán Fómhair 2014. An 30 Meitheamh 2016, ghlac an Chomhairle an Rún maidir le cosaint ar fhoréigean agus idirdhealú atá bunaithe ar ghnéaschlaonadh agus ar fhéiniúlacht inscne.[1] Rud eile lena mbaineann tábhacht is ea an Moladh ó Choiste na nAirí de Chomhairle na hEorpa do bhallstáit maidir le bearta chun idirdhealú atá bunaithe ar ghnéaschlaonadh nó féiniúlacht inscne a chomhrac. Glacadh é an 31 Márta 2010.[2]

Sa chúigiú cuairt faireacháin a thug sé ar Éirinn sa bhliain 2019, thuairiscigh an Coimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe go raibh dul chun cinn ann i dtuairimí an phobail ar chearta do dhaoine LAD. Thug sé tagairt do na torthaí ar shuirbhé Eorabharaiméadair a seoladh sa bhliain 2015. Tugtar le fios iontu gur aontaigh 87% de dhaoine go hiomlán leis an ráiteas gur cheart do dhaoine LAD leas a bhaint as na cearta céanna is atá ag daoine heitrighnéasacha. De bhreis air sin, chuir 92% de rannpháirtithe in iúl go mbeadh siad compordach nó measartha compordach le comhghleacaí oibre LAD agus chuir 86% díobh in iúl go mbeadh siad compordach nó measartha compordach le comhghleacaí oibre trasinscneach. Déantar moltaí sonracha sa tuarascáil ina leagtar amach an gá atá ann le reachtaíocht nua um fhuathchoireacht agus fuathchaint a achtú, ar reachtaíocht í a gcuirfí gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne ar áireamh inti. Moltar inti freisin go bhfuil gá ann leis na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta agus na hAchtanna um Stádas Comhionann a leasú go follasach chun go n-áireofaí foras na féiniúlachta inscne leo.

I mí an Mheithimh 2018, chinn an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte tagairtí do neamhord féiniúlacht inscne agus do chatagóirí gaolmhara a bhaint dá rangú ar neamhoird mheabhrach agus iompraíochta. Sa leagan athbhreithnithe is déanaí den Rangú Idirnáisiúnta ar Ghalair, bhain an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte na tagairtí as dáta do Thrasghnéasachas, do Thrasfheisteachas Róil Dhéach agus do Neamhord Féiniúlacht Inscne san Óige mar neamhoird phearsantachta nó iompraíochta. Leis an gcóras rangúcháin athbhreithnithe, mar atá Rangú Idirnáisiúnta ar Ghalair (ICD) 11, cuirtear catagóirí nua a chumhdaíonn féiniúlachtaí trasinscneacha leis na riochtaí a bhaineann le sláinte ghnéasach. Áirítear leo sin Neamhréireacht Inscne san Ógántacht agus san Aosacht agus Neamhréireacht Inscne san Óige. Is é an cur síos a dhéanann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte ar 'neamhréireacht inscne' ná rud "a bhfuil neamhréireacht shuntasach bhuanseasmhach idir inscne eispéirithe an duine agus an gnéas sannta mar shainghné aige".

Toradh amháin a bheidh ar chur chun feidhme na Straitéise is ea go gcuirfear le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach. Is é aidhm na spriocanna sin ná todhchaí níos inbhuanaithe agus níos rachmasaí a bhaint amach faoin mbliain 2030 ach deireadh a chur leis an mbochtaineacht, an timpeallacht nádúrtha a chosaint, aghaidh a thabhairt ar an neamhionannas, agus cearta an duine a neartú.

Sa chúigiú cuairt faireacháin a thug sé ar Éirinn, thuairiscigh an Coimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe go raibh dul chun cinn ann i dtuairimí an phobail ar chearta do dhaoine LAD.

**87%**

**ba ea an céatadán de dhaoine a d'aontaigh go hiomlán leis an ráiteas gur cheart do dhaoine LAD leas a bhaint as na cearta céanna is atá ag daoine heitrighnéasacha.**

**92%**

**ba ea an céatadán de rannpháirtithe a chuir in iúl go mbeadh siad compordach nó measartha compordach le comhghleacaí oibre LAD.**

**86%**

**ba ea an céatadán de rannpháirtithe a chuir in iúl go mbeadh siad compordach nó measartha compordach le comhghleacaí oibre trasinscneach.**

[1] https://www.ohchr.org/EN/Issues/Discrimination/Pages/LGBTUNResolutions.aspx

[2] https://search.coe.int/cm/Pages/result_details.aspx?ObjectID=09000016805cf40a



An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine LADTI+

# Conas a forbraíodh an Straitéis

Bhí próiseas comhairliúcháin láidir a bhí ar siúl idir mí Dheireadh Fómhair 2018 agus mí Feabhra 2019 mar bhonn agus thaca ag forbairt na Straitéise seo. Ba iad an Dr Gráinne Healy, Denise Charlton Uas. agus an Dr Kathy Walsh, ar saineolaithe agus taighdeoirí aitheanta ar chúrsaí LADTI+ iad, a d'éascaigh sraith ceardlann a seoladh go réigiúnach agus a raibh díriú téamach acu.

Rinne an tAire David Stanton TD, an tAire Stáit sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais le freagracht speisialta as Comhionannas, Inimirce agus Imeascadh, aitheasc a thabhairt ag roinnt mhaith de na ceardlanna comhairliúcháin.

D'fhorbair na sainchomhairleoirí cur chuige rannpháirtíoch chun a chinntiú go n-éistfí go hiomlán le tuairimí na rannpháirtithe. Le linn na gceardlann, iarradh ar na rannpháirtithe, agus iad ina ngrúpaí beaga, aon téamaí ar mian leo a phlé a roghnú (phléigh na rannpháirtithe dhá théama shonracha i bhformhór na gcásanna). Ina dhiaidh sin, shainaithin na rannpháirtithe na príomhthosaíochtaí i leith na dtéamaí sin agus mhol siad gníomhartha lena ndéanfaí dul chun cinn ar an obair atá ar bun faoi na réimsí topaice sin. Tar éis aiseolas a fháil ar na topaicí roghnaithe agus na gníomhartha molta, chuaigh na rannpháirtithe ar aghaidh chun saincheist 'an Chomhionannais Uileghabhálaigh' a scrúdú agus aird a tharraingt ar aon saincheisteanna nó topaicí eile ba mhaith leo a tharraingt anuas mar chuid den phróiseas.

Áiríodh na nithe seo leis na téamaí a iniúchadh:

- An comhionannas uileghabhálach;
- Sláinte agus daoine LADTI+;
- Daoine scothaosta LADTI+;
- Scoiteacht tuaithe;
- Coireacht agus sábháilteacht phearsanta;
- Sláinte agus folláine daoine trasinscneacha idirghnéasacha, dénártha agus neamh-dhénártha;
- Sláinte agus folláine daoine D+;
- Éighnéasacht agus ilghnéasacht;
- Sláinte agus sonraí daoine idirghnéasacha;
- Cuimsiú san Áit Oibre;
- Cuimsiú (agus an Spórt);
- Na hEalaíona, an Cultúr agus an Pobal;
- Iarrthóirí Tearmainn, Imircigh agus Dídeanaithe (ar cheardlann ar leith í freisin).

Cuireadh na seisiúin ar siúl i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath, i nDún Dealgan, i nGaillimh agus i Luimneach. Reáchtáladh seisiúin le hoibrithe deonacha líne chabhrach LADT Éireann, le soláthraithe seirbhíse agus le comhaltaí boird. De bhreis air sin, eagraíodh seisiúin cheardlainne ar leith don Phobal Idirghnéasach, don lucht siúil, Iarrthóirí Tearmainn, Imircigh, Dídeanaithe agus an Pobal Bodhar chun a chinntiú go n-éistfí go leordhóthanach leis na tuairimí atá ag na daoine is imeallaí den phobal LADTI+.

Spreagadh aighneachtaí i scríbhinn freisin. Fuarthas 32 aighneacht san iomlán – féach Aguisín C.

Agus leas á bhaint as an gcomhairliúchán poiblí, tháinig ceithre cholún théamacha chun cinn ina dtugtar fís d'Éirinn ina mbíonn daoine LADTI+:

- Infheicthe agus Cuimsithe;
- Ag Fáil Cóir Chomhionann;
- Sláintiúil;
- Sábháilte agus Faoi Thacaíocht.

A luaithe a forbraíodh na ceithre cholún sin, díríodh ar bhearta a shainaithint chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a tarraingíodh anuas. Chuige sin, cuireadh cruinnithe téamacha ar siúl le Ranna Rialtais agus le gníomhaireachtaí stáit a bhfuil freagracht orthu as na réimsí beartais lenar bhain chun gníomhartha féideartha a shainaithint agus a fhiosrú.

Forbraíodh liosta tosaigh gníomhartha le haghaidh cur chun feidhme. Cuireadh na téamaí agus na saincheisteanna a tarraingíodh anuas sna ceardlanna san áireamh sa liosta sin. Dáileadh an liosta lena bhreithniú ar Choiste Comhairleach a bhí comhdhéanta d'eagraíochtaí neamhrialtasacha do dhaoine LADTI+. Cuireadh cruinniú idir an Coiste Comhairleach agus ionadaithe do Ranna Rialtais ar siúl an 8 Bealtaine 2019. Rinne an tUas. David Stanton TD, an tAire Stáit sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais le freagracht speisialta as Comhionannas, Inimirce agus Imeascadh, cathaoirleacht ar an gcruinniú, a bhí ina dheis aiseolas a thabhairt ar an dréachtliosta gníomhartha. Cuireadh fáilte roimh aighneachtaí i scríbhinn ó na heagraíochtaí neamhrialtasacha tar éis an chruinnithe sin freisin chun aon ghníomhartha ba ghá a chur leis an liosta nó a mhodhnú a shainaithint. Iarradh ar na heagraíochtaí neamhrialtasacha na gníomhartha le haghaidh cur chun feidhme a chur in aon ord tosaíochta ba mhaith leo. Tá ainm na gcomhaltaí den Choiste Comhairleach ar áireamh in Aguisín B.

Rinneadh an Straitéis a athbhreithniú agus a chuíchóiriú i bhfianaise na gcomhairliúchán sin.

# Conas a dhéanfar faireachán ar chur chun feidhme na Straitéise

Bunófar Coiste Straitéise chun cur chun feidhme na Straitéise a fhormhaoirsiú. Beidh an tUas. David Stanton TD, an tAire Stáit sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais le freagracht speisialta as Comhionannas, Inimirce agus Imeascadh, mar chathaoirleach ar an gCoiste. Beidh an Coiste comhdhéanta d'ionadaithe ó Ranna Rialtais, ó phríomhchomhlachtaí poiblí agus ó eagraíochtaí neamhrialtasacha, go háirithe iad sin a dhéanann ionadaíocht do dhaoine LADTI+.

Déanfaidh an Coiste athbhreithniú ar chur chun feidhme na ngníomhartha uile agus comhaontóidh sé táscairí le haghaidh faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn ar na torthaí a bhaint amach. Beidh an Straitéis ina doiciméad beo a fhéadfar a mhodhnú de réir mar is gá. Dá bhrí sin, beidh sé de chúram ar an gCoiste a mheasúnú cé acu a theastaíonn nó nach dteastaíonn tuilleadh gníomhaíochta ar shaincheisteanna ar leith agus moltaí a dhéanamh ar ghníomhartha nach mór a chur leis nó a athrú chun freastal ar riachtanais a bhíonn ag athrú.

Ós rud é go mbeidh an Straitéis i mbun feidhme ar feadh dhá bhliain go leith, ullmhófar tuarascáil lár téarma sa tríú ráithe den bhliain 2020 agus déanfar athbhreithniú tar éis dheireadh thréimhse feidhme na Straitéise. Leagfar amach sa tuarascáil sin an dul chun cinn arna dhéanamh i gcomparáid leis na táscairí arna gcomhaontú sa chéad 6 mhí tar éis fhoilsiú na Straitéise.

### An Coiste Straitéise

- Ranna Rialtais
- Príomhchomhlachtaí Poiblí
- Eagraíochtaí Neamhrialtasacha

> Beidh an Straitéis ina doiciméad beo a fhéadfar a mhodhnú de réir mar is gá.







# Colúin Théamacha na Straitéise - Infheicthe agus Cuimsithe

Léirítear i bpríomhfheidhmeanna reachtúla Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, a bunaíodh sa bhliain 2014, an tábhacht do shochaí na hÉireann a bhaineann le cultúr a fhorbairt i leith meas ar chearta an duine, comhionannas agus tuiscint idirchultúrtha sa Stát agus le tuiscint agus feasacht a chur chun cinn ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas.

Cúis le feasacht mhéadaithe i measc an phobail i gcoitinne ar riachtanais agus cearta na ndaoine LADTI+ ba ea an reifreann ar Chomhionannas Pósta. Tugann an Straitéis seo an deis cur lenar baineadh amach le reifreann 2015 agus leis an Acht um Inscne a Aithint, 2015, agus féachaint lena chuimsithí atá cultúr agus sochaí na hÉireann a mhéadú.

Luadh an gá le léiriú méadaithe neamhsteiréitipiciúil ar fhéiniúlachtaí LADTI+ arís is arís eile fud fad an phróisis chomhairliúcháin. Leagadh béim ar a thábhachtaí atá eiseamláirí. Gan roinnt eisceachtaí suntasacha a áireamh, cuireadh in iúl nach ann do go leor daoine infheicthe LADTI+ atá i seilbh oifige tofa agus sa saol poiblí.

Rudaí atá ríthábhachtach chun críche athruithe fadtéarmacha i ndearcthaí a bhaint amach atá in infheictheacht dhearfach agus léiriú neamhsteiréitipiciúil ar fhéiniúlachtaí LADTI+. Is í an fhís sa Straitéis seo ná Éire a chruthú ina nglactar le féiniúlachtaí LADTI+ agus ina dtugtar meas orthu. Áirítear leis an Straitéis gníomhartha a bhfuil mar aidhm leo daoine agus téamaí LADTI+ a chur chun cinn laistigh den churaclam scoile agus laistigh de chultúr na hÉireann. Tá gníomhartha ann a bhfuil mar aidhm leo cur leis an dea-chleachtas atá ann cheana i limistéir amhail leabharlanna, ar féidir leo a bheith ina bpointe fócasach le haghaidh infheictheachta, faisnéise agus tacaíochta.

I bhfianaise athbhreithniú a rinneadh ar an litríocht ábhartha, rinne freagraithe ar an gcéad suirbhé 'Burning Issues' ar dhaoine LADT a sheol an Fhondúireacht Náisiúnta LADT sa bhliain 2009 a chur in iúl gurbh í an tsaincheist ba thábhachtaí ná an cumas a bheith ag daoine chun obair i dtimpeallacht inar féidir leo bheith oscailte go hiomlán faoina ngnéasacht agus faoina bhféiniúlacht inscne agus a bhfíorphearsantacht a thaispeáint gan eagla a bheith orthu go ndéanfaí idirdhealú ina n-aghaidh[3]. Ina theannta sin, ba í 'deireadh a chur le leatrom gnéasachta agus inscne' (inar cuimsíodh idirdhealú san áit oibre) an tsaincheist ab airde rátáil sa dara suirbhé 'Burning Issues', ar foilsíodh na torthaí ina leith sa bhliain 2016[4]. Ní iontas ar bith é, dá bhrí sin, gur leagadh béim le linn gach ceardlainne, beagnach, ar a thábhachtaí atá cuimsiú san áit oibre. Chuir rannpháirtithe in iúl, áfach, gurb ann do bhacainní suntasacha fós d'fhostaithe LADTI+. Chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin, dírítear gníomhartha sa Straitéis ar thacú le fostaithe agus le fostóirí timpeallacht dhearfach chuimsitheach do dhaoine LADTI+ a dhéanamh de gach áit oibre. Cumhdaítear fostóirí san earnáil phríobháideach agus fostaithe san earnáil phoiblí araon anseo, lena n-áirítear gníomh chun Líonra Fostaithe agus Comhghuaillithe LADTI+ a bhunú ar fud na státseirbhíse.

Anuas ar thimpeallacht inmheánach cuimsithe, ní mór do sholáthraithe



3 http://nxf.ie/wp-content/uploads/2014/02/burning-issues-report.pdf
4 http://nxf.ie/events/burning-issues-2/

seirbhíse san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach a chur in iúl go follasach cén áit a bhféachann siad le bheith fáilteach agus cuimsitheach. Beidh sé riachtanach seirbhísí príomhshrutha a oiriúnú chun a chinntiú go mbeidh siad cuimsitheach i leith úsáideoirí seirbhíse LADTI+ agus go mbeidh muinín ag daoine LADTI+ go bhfreastalóidh na seirbhísí sin ar a riachtanais. Leis an Straitéis seo, leanfar leis an bpróiseas um athruithe a chur chun cinn laistigh de sheirbhísí príomhshrutha chun go mbeidh siad in ann freastal ar úsáideoirí seirbhíse LADTI+ ar bhealach níos éifeachtaí. Le marcóir aitheantais phoiblí LADTI+, ar gníomh é a thagann leis an Straitéis Óige Náisiúnta LGBTI+, tugtar deis do ghnólachtaí agus d'eagraíochtaí a thaispeáint go bhfuil tiomantas infheicthe acu d'fháilte a chur roimh chustaiméirí agus úsáideoirí seirbhíse ar daoine LADTI+ iad.

Tharraing daoine LADTI+ i limistéir thuaithe aird ar an riosca go bhfulaingeodh siad scoiteacht. Leagadh béim ar an ról tábhachtach atá ag eagraíochtaí pobail i dtacaí a sholáthar do dhaoine LADTI+. Áirítear leis na gníomhartha sa réimse sin cleachtadh léarscáilithe ar sheirbhísí do dhaoine LADTI+ chun bearnaí a shainaithint, tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí pobail LADTI+ atá ann cheana agus a chinntiú gur cuimsitheach i leith daoine LADTI+ agus fáilteach rompu a bheidh an bonneagar pobail reatha i limistéir thuaithe.

Tugadh faoi deara sa chomhairliúchán an tábhacht a bhaineann le haitheantas a thabhairt don mhéid mór a chuir daoine LADTI+ leis i réimsí amhail an spórt, an cultúr agus na healaíona. Tugadh faoi deara ann freisin go bhfuil deis ann Éire a chur chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta ina gcuirtear fáilte roimh dhaoine LADTI+. Cuireadh gníomhartha ar áireamh chun a chinntiú go gcuirfear daoine agus téamaí LADTI+ ar áireamh d'aon turas i bhforais chultúir, in ócáidí spóirt agus cultúir agus i bhféilte turasóireachta.

Is ar bhealaí éagsúla a sholáthrófar an colún téamach seo. Áireofar leo feasacht a mhéadú, líonraí LADTI+ a chruthú agus cur leis an acmhainn institiúideach in eagraíochtaí earnála poiblí agus earnála príobháidí chun tacú le húsáideoirí seirbhíse, fostaithe agus rannpháirtithe ar daoine LADTI+ iad. Aidhm eile atá leis is ea dearcthaí daoine LADTI+ a chomhtháthú isteach i gcultúr na hÉireann. Cuirtear in iúl leis nach mór do na hinstitiúidí agus na cláir ar mian leo bheith ionadaíoch do chultúr agus sochaí na hÉireann a chinntiú d'aon turas go gcomhtháthóidh siad dearcthaí daoine LADTI+ isteach ina gcuid beartas agus gníomhaíochtaí.



### Na torthaí atá le baint amach sa réimse seo:

- Tá daoine LADTI+ infheicthe go dearfach ar fud na n-earnálacha uile den tsochaí;
- Tá áiteanna oibre na hÉireann cuimsitheach i leith daoine LADTI+ agus tacaíonn siad leo a 'bhfíorphearsantacht' a thaispeáint san áit oibre;
- Tá spásanna poiblí sábháilte do dhaoine LADTI+ agus glactar go maith le daoine LADTI+ iontu;
- Tá faisnéis níos fearr ar fáil faoin bpobal LADTI+ in Éirinn agus faoi na riachtanais atá aige, ar faisnéis í a úsáidtear chun tacú le beartas éifeachtach a fhorbairt;
- Tá an beartas poiblí cuimsitheach i leith dearcthaí daoine LADTI+ agus ní dhéantar toimhdí heitreanormatacha ann;
- Tá fáil níos leithne ag daoine LADTI+ ar thacaí pobail;
- Tarraingítear aird ar an rannchuidiú dearfach a dhéanann an pobal LADTI+ le healaíona, cultúr agus spórt na hÉireann agus caomhnaítear stair na gluaiseachta LADTI+;
- Aithnítear Éire mar cheann scríbe turasóireachta ina gcuirtear fáilte roimh dhaoine LADTI+.





# Colúin Théamacha na Straitéise - Ag Fáil Cóir Chomhionann

Ceann de phríomhaidhmeanna na Straitéise is ea a chinntiú go bhfaighidh daoine LADTI+ cóir chomhionann.

Freagróidh an Straitéis don éileamh láidir a tarraingíodh anuas sna comhairliúcháin go gcuirfí na forálacha uile eile den Acht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015, i bhfeidhm chun go mbeadh cinnteacht dhlíthiúil i dtaca le cearta tuismitheoirí agus caomhnóirí ag teaghlaigh a bhfuil lánúineacha baineannacha comhghnéis i gceannas orthu. Leagadh béim sa chomhairliúchán agus san aiseolas a fuarthas ón tsochaí shibhialta ar a thábhachtaí a bheadh feachtas faisnéise soiléire don phobal LADTI+ faoi fhorálacha an Achta agus faoi na himpleachtaí atá acu do thuismitheoirí comhghnéis agus do lánúineacha comhghnéis atá ag iarraidh a bheith ina dtuismitheoirí.

Tá sé beartaithe go ndéanfar daoine LADTI+ ar mian leo clann a bheith acu a chur ar áireamh sa reachtaíocht um Atáirgeadh Daonna Cuidithe atá á hullmhú faoi láthair. Tá sé beartaithe freisin go dtabharfar tograí reachtacha ar aghaidh chun foráil a dhéanamh do shaoire uchtaíoch agus sochar uchtaíoch do lánúineacha fireannacha comhghnéis.

Áirítear leis an Straitéis roinnt gníomhartha a bhfuil mar aidhm leo a chinntiú go bhfaighidh daoine trasinscneacha cóir chomhionann. Tugtar gealltanas inti go n-athbhreithneofar an reachtaíocht comhionannais chun a chinntiú go soláthrófar cosaintí follasacha inti do dhaoine trasinscneacha, daoine atá neamh-chomhréireach ó thaobh inscne de agus daoine idirghnéasacha. Áirítear léi freisin gníomhartha a bhfuil mar aidhm leo próisis riaracháin a chuíchóiriú do dhaoine a bhfuil deimhnithe aitheantais inscne acu, le linn príobháideacht an duine sin a chinntiú ag an am céanna.

Áirítear leis an Straitéis roinnt gníomhartha a bhfuil mar aidhm leo tacú le riachtanais thrasnacha chun go sainaithneofar agus go gcosnófar go leordhóthanach na cearta atá ag daoine LADTI+ atá óg, scothaosta nó faoi mhíchumas nó ar daoine den lucht siúil, Romaigh, príosúnaigh nó imircigh iad.

Is trí athruithe reachtacha go príomha agus trí fheasacht a mhéadú a sholáthrófar an colún téamach seo.

Gheobhaidh sé tacaíocht ón ngníomh ginearálta um sheirbhísí a oiriúnú do dhaoine LADTI+ agus ó chur chun feidhme an dualgais earnála poiblí um chomhionannas agus cearta an duine, rud lena gcuirfear ar chumas Ranna Rialtais agus seirbhísí poiblí tuiscint níos fearr a ghnóthú ar na bacainní a d'fhéadfadh cosc a chur ar dhaoine LADTI+ comhionannas a bheith acu i ndáiríre. Cuirfidh sé leis an bhfaisnéis a sholáthraíonn Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas don phobal i dtaca le cearta an duine agus leis an gcomhionannas go ginearálta. Cuirfidh sé freisin leis an gcomhairle agus an chabhair a thugann an Coimisiún do dhaoine ar mian leo údar a thabhairt lena gcearta.

### Na torthaí atá le baint amach sa réimse seo:

- Tá daoine LADTI+ ar an eolas faoi na tacaí agus na sásraí sásaimh atá ar fáil dóibh i gcásanna ina ndearnadh idirdhealú;
- Tugtar sa reachtaíocht comhionannais cosaint fhollasach do dhaoine trasinscneacha, do dhaoine atá neamh-chomhréireach ó thaobh inscne de agus do dhaoine idirghnéasacha;
- Caitear le tuismitheoirí comhghnéis ar an mbealach céanna a chaitear le tuismitheoirí den dá ghnéas faoin dlí;
- Tugtar tacaíocht do dhaoine trasinscneacha agus cuíchóirítear próisis riaracháin, agus príobháideacht an duine á cothabháil ag an am céanna;
- Tugtar tacaí do dhaoine atá i mbaol méadaithe il-idirdhealú agus il-imeallú a fhulaingt, lena n-áirítear daoine scothaosta, imircigh, daoine den lucht siúil, daoine faoi mhíchumas agus príosúnaigh atá sa phobal LADTI+.

# Colúin Théamacha na Straitéise - Sláintiúil

Leis an gCreat Éire Shláintiúil, tugtar comhthéacs uileghabhálach le haghaidh dul chun cinn a dhéanamh ar ghníomhartha faoin gcuspóir seo de chuid na Straitéise. Sa Chreat Éire Shláintiúil, glactar cur chuige uile-Rialtais agus uile-shochaí i leith sláinte agus folláine a fheabhsú, agus béim á cur ar bhearta coisctheacha, ar éagothroime sláinte a laghdú agus ar dhaoine a choinneáil níos sláintiúla ar feadh tréimhse níos faide. Aidhm eile atá leis an gCreat is ea aghaidh a thabhairt ar an lear tosca sóisialta agus timpeallachta a fhéadann dul i bhfeidhm ar shláinte agus folláine, lena n-áirítear oideachas agus fostaíocht. Má bhaintear amach na cuspóirí straitéiseacha eile atá leagtha amach sa chreat, cuirfear go mór le sláinte agus folláine fhoriomlán na ndaoine LADTI+ a chónaíonn in Éirinn.

Tugtar gealltanas sa Straitéis dá chinntiú go mbeidh daoine LADTI+ in ann leas iomlán comhionann a bhaint as seirbhísí sláinte príomhshrutha. Tá sé mar aidhm léi deireadh a chur le bacainní a d'fhéadfadh a bheith ag cur cosc ar dhaoine LADTI+ faoi láthair seirbhísí sláinte agus sóisialta a rochtain toisc easpa tuisceana a bheith ann ar a riachtanais shonracha agus toisc cur chun cinn seirbhísí spriocdhírithe a bheith in easnamh. Féachann sí freisin le déileáil leis an bhfíric gurb amhlaidh, i gcás nach gcuireann idirghabhálacha sláinte agus cláir scagthástála in iúl go follasach go bhfuil siad cuimsitheach i leith úsáideoirí seirbhíse LADTI+, gur lú an dóchúlacht go nglacfaidh daoine LADTI+ páirt iontu sin. Is é an aidhm atá leis na gníomhartha a chuirtear ar áireamh sa Straitéis ná bacainní ar sheirbhísí sláinte a rochtain a laghdú agus feabhas a chur ar thorthaí don phobal LADTI+.

Aithnítear sa Straitéis go bhféadfadh go dteastódh seirbhísí tiomnaithe, amhail seirbhísí a bhaineann le sláinte ghnéasach, ó dhaoine LADTI+. Mar an gcéanna, teastaíonn seirbhísí spriocdhírithe chun tacaíocht a thabhairt do dhaoine trasinscneacha, lena n-áirítear tríd an bpróiseas um inscne a athrú. Chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) coiste stiúrtha faoi theorainn ama ar bun, agus é faoi chathaoirleacht ag an Treoraí Cliniciúil um Meabhairshláinte. Is é cuspóir sonrach an choiste ná seirbhís chomhtháite rianúil a sholáthar do dhaoine a bhfuil fadhbanna féiniúlachta inscne acu a thagann i dteagmháil le seirbhís sláinte na hÉireann.

Maidir le seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a sholáthar a fhreastalaíonn ar na riachtanais atá ag daoine scothaosta LADTI+, cuireann an Straitéis seo leis na Caighdeáin Náisiúnta athbhreithnithe maidir le Timpeallachtaí Cúraim Chónaithe do Dhaoine Scothaosta. Is caighdeáin iad sin lena n-éascaítear meas ar chearta agus éagsúlacht na gcónaitheoirí agus lena dtugtar cosaint dóibh sin. Trí threoir agus uirlisí oiliúna a fhorbairt atá dírithe ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialta a oibríonn i seirbhísí do dhaoine scothaosta, cinnteofar go mbeidh acu an t-eolas, na scileanna agus an mhuinín a theastaíonn chun freastal ar na riachtanais atá ag na daoine scothaosta LADTI+ atá faoina gcúram.

Is trí roinnt gníomhartha lena gcuirtear dearcthaí daoine LADTI+ san áireamh i seirbhísí atá ann cheana agus trí bhearta atá dírithe go sonrach ar úsáideoirí LADTI+ a sholáthrófar an colún téamach seo.

## Na torthaí atá le baint amach sa réimse seo:

- Cuirtear oiliúint ar sholáthraithe agus cleachtóirí cúram sláinte chun féiniúlachtaí agus riachtanais a gcuid othar ar daoine LADTI+ iad a thuiscint agus chun toimhdí heitreanormatacha a sheachaint;
- Sa bheartas sláinte, tugtar aird ar riachtanais gach grúpa den daonra, lena n-áirítear an pobal LADTI+;
- Tugtar acmhainní dóthanacha do sheirbhísí sláinte gnéasaí agus tá siad ar fáil ar fud na hÉireann, lena n-áirítear i láithreacha tuaithe;
- Cuirtear an pobal LADTI+, go háirithe fir a mbíonn gnéas acu le fir, ar an eolas faoi na rioscaí a bhaineann le VEID agus ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha eile a tholgadh agus faoin tábhacht a bhaineann le tástáil rialta;
- Tugtar tacaíocht do dhaoine in Éirinn a bhfuil VEID orthu agus ní chaitear stiogma leo;
- Tá ag daoine atá ag iarraidh inscne a athrú rochtain thráthúil ar chóireáil atá ag teacht leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta;
- Tá treoirlínte cliniciúla i bhfeidhm chun a chinntiú nach ndéanfar gnáthaimh mháinliachta neamhriachtanacha ar dhaoine idirghnéasacha agus tá sonraí níos fearr ar fáil faoi leitheadúlacht na riochtaí idirghnéasacha in Éirinn.





# Colúin Théamacha na Straitéise - Sábháilte agus Faoi Thacaíocht

Tá sé mar aidhm ag an Straitéis a chinntiú go mothóidh daoine LADTI+ go mbíonn siad sábháilte agus faoi thacaíocht ina saol laethúil. Is é an príomhghníomh, mar a luadh arís is arís eile sa phróiseas comhairliúcháin, ná daoine LADTI+ a chosaint ar an bhfuathchoireacht agus ar an bhfuathchaint. Áirítear leis an Straitéis gealltanas go gcinnteofar gur láidir go leor chun daoine LADTI+ a chosaint a bheidh an reachtaíocht a bhaineann leis an bhfuathchoireacht agus leis an bhfuathchaint.

Chuir an Garda Síochána gníomhartha ar áireamh freisin chun an fheasacht ar shaincheisteanna LADTI+ a mhéadú i measc oifigigh thúslíne. Is é an aidhm ná cur le hacmhainn an Gharda Síochána freastal ar na riachtanais atá ag íospartaigh na fuathchoireachta agus tuiscint níos fearr a ghnóthú ar an bpobal LADTI+ go ginearálta.

Tá ról le himirt ag Éirinn ar leibhéal idirnáisiúnta freisin ina chinntiú go dtabharfar do shaoránaigh a thaistealaíonn chuig tíortha eile measúnú oibiachtúil ar na rioscaí agus an fhaisnéis a theastaíonn uathu chun cinntí eolasacha a dhéanamh, agus i gcearta daoine LADTI+ a chur chun cinn ar fud an domhain trí ambasáidí agus trí mhisin thar lear. Leanann an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ar aghaidh ag tabhairt comhairle taistil do shaoránaigh Éireannacha trína cuid suíomhanna Gréasáin agus cuntas meán sóisialta agus tríd an aip TravelWise. Tugtar faisnéis shonrach do shaoránaigh atá ag taisteal chuig tíortha ina bhféadfadh go mbeadh tionchar diúltach ag na dlíthe agus na dearcthaí atá i réim i leith saincheisteanna a bhaineann le daoine LADTI+ ar a sábháilteacht agus ar a dtaisteal.

Aithnítear sa Straitéis cé chomh soghonta is atá daoine LADTI+ sa phróiseas tearmainn agus geallltar inti go ndéanfar bearta chun a chinntiú go gcaithfear go tuisceanach leo agus go dtabharfar tacaí cuí dóibh.

Is trí athruithe reachtacha a dhéanamh agus trí chur le hacmhainn na bpríomhghníomhaithe, amhail an Garda Síochána go háirithe, soláthraithe iompair agus pobail áitiúla, a sholáthrófar an colún téamach seo. Féachfaidh sé le feasacht a mhéadú ar na bagairtí ar shábháilteacht agus ar shlándáil a fhulaingíonn daoine LADTI+ agus neartóidh sé na sásraí institiúideacha atá ar fáil chun dul i ngleic leis na bagairtí sin. Féachfaidh sé freisin le hacmhainn a mhéadú laistigh d'eagraíochtaí earnála poiblí agus earnála príobháidí chun go mbeidh siad in ann bagairtí a shainaithint agus a chosc sula dtagann siad aníos.


## Na Príomhghníomhaithe



An Garda Síochána



Soláthraithe Iompair



Pobail Áitiúla

## Na torthaí atá le baint amach sa réimse seo:

- Tá reachtaíocht láidir agus tacaí láidre i bhfeidhm in Éirinn chun an fhuathchoireacht a chomhrac agus spreagtar daoine chun teagmhais fuathchóireachta a thuairisciú;
- Tugtar tacaíocht chuí d'íospartaigh LADTI+ na coireachta agus cuirtear iad ar áireamh i soláthar seirbhíse príomhshrutha atá bunaithe ar struchtúir fhoirmiúla chomhairliúcháin leis an nGarda Síochána agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile;
- Tugtar tacaíocht d'iarrthóirí tearmainn LADTI+ agus caitear go tuisceanach leo laistigh den Phróiseas um Chosaint Idirnáisiúnta agus den chóras soláthair dhírigh;
- Imscrúdaítear cleachtadh na teiripe iompaithe in Éirinn agus tugtar aghaidh air trí fhrithbhearta cuí a chur i bhfeidhm;
- Leanann Éire le saincheisteanna a bhaineann le cearta daoine LADTI+ a tharraingt anuas ar leibhéal idirnáisiúnta agus tacaíonn sí le Cosantóirí Chearta an Duine agus le grúpaí Sochaí Sibhialta trí ambasáidí agus trí mhisin thar lear;
- Is féidir le daoine LADTI+ taisteal go sábháilte agus le muinín.

## An Plean Gníomhaíochta chun tacú leis an Straitéis



# An Plean Gníomhaíochta chun tacú leis an Straitéis

| | Infheicthe agus Cuimsithe | Treoraí (Comhpháirtí) | An dáta a thosófar an gníomh 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| **1** | **Tá daoine LADTI+ infheicthe go dearfach ar fud na n-earnálacha uile den tsochaí** | | | | |
| 1.1 | Feachtas feasachta poiblí a sheoladh chun ionadaíocht dhearfach a dhéanamh d'fhéiniúlachtaí LADTI+ agus den rannchuidiú a dhéanann daoine LADTI+ le Sochaí na hÉireann. | DJE/DCYA (Na Ranna Uile) | | R1 | |
| 1.2 | Ócáidí tábhachtacha mórscála a shainaithint gach bliain chun tacú le hinfheictheacht daoine LADTI+ a chur chun cinn. | DJE (Na Ranna Uile) | R4 | | |
| 1.3 | Gníomhartha breise a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun tacú le léiriú dearfach agus ionadaíocht dhearfach féiniúlachtaí LADTI+ sna meáin chraolacháin. | BAI/RTÉ/ DCHG | | R3 | |
| 1.4 | Sraith imeachtaí agus cumarsáidí a chomhordú chun tacú le teachtaireachtaí dearfacha maidir le Bród agus féilte ar fud na tíre agus, rud ní ba leithne fós, infheictheacht daoine LADTI+ agus feasacht agus saineolas ar shaincheisteanna a bhaineann le daoine LADTI+ a chur chun cinn. | DJE/DCYA/RTÉ (Na Ranna Uile) | | R2 | R2 |
| 1.5 | Mar chuid den athbhreithniú ar an gcuraclam ar leibhéal na bunscoile agus ar leibhéal na sraithe sinsearaí araon, iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna atá ann saol daoine LADTI+ a chur ar áireamh go cuí sa churaclam. | DES | R4 | | |
| 1.6 | Nithe a bhaineann le daoine LADTI+ a chur ar áireamh san athbhreithniú ar an gcuraclam Oideachais Chaidrimh agus Ghnéasachta. | DES | R4 | | |
| 1.7 | Ar aon dul leis an Straitéis Náisiúnta do Leabharlanna Poiblí 2018-2022, aird a thabhairt ar na riachtanais agus na hábhair spéise atá ag daoine LADTI+ agus beartas na leabharlann um fhorbairt agus ceannach bailiúchán á cheapadh. Faoin tionscnamh Éire Shláintiúil ag do Leabharlann, liosta léitheoireachta a thiomsú do dhaoine LADTI+ agus é a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn leanúnach agus iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna atá ann feabhas a chur ar an stoc chun tacú leis an bpobal LADTI+. | DRCD (DH) | | R1 | |
| **2** | **Tá áiteanna oibre na hÉireann cuimsitheach i leith daoine LADTI+ agus tacaíonn siad leo a 'bhfíorphearsantacht' a thaispeáint san áit oibre** | | | | |
| 2.1 | Cleachtais earcaíochta atá cuimsitheach i leith daoine LADTI+ a fhorbairt agus a chur chun feidhme tuilleadh ar fud na hearnála poiblí i gcomhréir leis an Straitéis um Éagsúlacht agus Cuimsiú atá i bhfeidhm ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. | PAS (DPER) | | R1 | |
| 2.2 | A chinntiú go mbeidh comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú ina ngnéithe lárnacha de straitéisí eagraíochta agus acmhainní daonna agus go ndéanfar athbhreithniú leanúnach orthu. | DPER (Na Ranna Uile) | | R1 | |
| 2.3 | Dearcthaí éagsúlachta agus cuimsithe a chomhtháthú isteach sna beartais agus na cleachtais atá i bhfeidhm ag áiteanna oibre sa Státseirbhís, lena n-áirítear oiliúint ceannaireachta, córas bainistíochta agus forbartha feidhmíochta, ionduchtú agus oiliúint i seirbhís do chustaiméirí. | DPER (Na Ranna Uile) | | R4 | |
| 2.4 | Líonra Fostaithe agus Comhghuaillithe LADT+ a fhorbairt ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí. | DJE/DPER (Na Ranna Uile) | R4 | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 2.5 | Leas a bhaint as an bhFóram Geallsealbhóirí um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach chun cuimsiú daoine LADTI+ san áit oibre a chur ar aghaidh i measc fostóirí san earnáil phríobháideach agus feasacht a mhéadú ar an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine LADTI+ trí na meáin Freagrachta Sóisialta Corparáidí atá ar fáil. | DBEI (DJE) | R4 | | |
| 2.6 | Bunaithe ar an dea-chleachtas a chonacthas roimhe trí chláir amhail Crainn Taca Éagsúlachta, sraith straitéisí a fhorbairt d'fhostóirí lena n-úsáid san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon chun cuimsiú a chur chun cinn san áit oibre. | DJE (Ibec, ICTU, Eagraíochtaí Neamhrialtasacha) | | R2 | |
| 2.7 | Faisnéis agus treoirlínte a sholáthar d'fhostóirí chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:<br>• Na hoibleagáidí atá orthu faoi dhlíthe comhionannais agus faoi dhlíthe i gcoinne an idirdhealaithe a mheabhrú dóibh<br>• Comhairle a thabhairt dóibh ar bhealaí inar féidir leo timpeallacht oibre atá sábháilte agus tacúil a sholáthar do dhaoine LADTI+, go háirithe daoine trasinscneacha. | DJE (Ibec, ICTU) | | R2 | |
| 2.8 | Faisnéis treorach a fhorbairt do dhaoine trasinscneacha chun tacú lena rannpháirtíocht leanúnach san áit oibre, go háirithe le linn dóibh inscne a athrú. | DJE (Ibec, ICTU, Eagraíochtaí Neamhrialtasacha) | | R2 | |
| 2.9 | Folláine daoine a oibríonn i scoileanna agus in ionaid oideachais, lena n-áirítear daoine LADTI+, a chur chun cinn i gcomhthéacs an Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtas 2018-2023 a chur chun feidhme. | DES | R4 | | |
| 2.10 | Cleachtais feasachta agus chuimsitheacha i leith daoine LADTI+ a chothú tuilleadh i measc fiontair bheaga agus mheánmhéide agus micrifhiontar, agus imeachtaí faisnéise agus/nó modúil foghlama ar shaincheisteanna a bhaineann le daoine LADTI+ a fhorbairt lena gcur ar áireamh i gcláir oiliúna Éagsúlachta agus Cuimsithe de chuid Oifigí Fiontair Áitiúil agus Fhiontraíocht Éireann. | DBEI/ Fiontraíocht Éireann | | R2 | |
| 2.11 | Ceanglas a chur ar an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann córas deimhniúcháin éagsúlachta a fhorbairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide chun a fhíorú go neamhspleách go bhfuil 51% den chuideachta faoi úinéireacht agus bainistíocht éagsúil. Áireofar daoine LADTI+ leis na catagóirí úinéireachta faoin scéim deimhniúcháin sin. | DBEI/NSAI | | R2 | |
| **3** | **Tá spásanna poiblí sábháilte do dhaoine LADTI+ agus cuirtear fáilte roimh dhaoine LADTI+ iontu** | | | | |
| 3.1 | Bearta a dhéanamh chun a chinntiú go mbeidh oiliúint éagsúlachta oiriúnach ar fáil do bhaill foirne Státseirbhíse a dhéileálann go díreach le custaiméirí. | DPER (Na Ranna Uile) | | R4 | |
| 3.2 | Comhordú a dhéanamh ar thabhairt isteach an mharcóra aitheantais phoiblí lena léirítear go gcuireann an soláthar seirbhíse fáilte roimh dhaoine LADTI+, go háirithe i bpobail tuaithe agus i bpobail eile a bhfuil sé doiligh dul i bhfeidhm orthu. | DCYA/DJE (Na Ranna Uile) | | R3 | |
| 3.3 | Bearta praiticiúla a dhéanamh chun cur leis an bhfáil ar leithris gan inscne i bhfoirgnimh phoiblí. | Na Ranna Uile | | R1 | |
| **4** | **Tá faisnéis níos fearr ar fáil faoin bpobal LADTI+ in Éirinn agus faoi na riachtanais atá aige, ar faisnéis í a úsáidtear chun tacú le beartas éifeachtach a fhorbairt** | | | | |
| 4.1 | Clár taighde ar shaincheisteanna a bhaineann le daoine LADTI+ a fhorbairt agus a chur chun feidhme bunaithe ar na bearnaí agus na tosaíochtaí a sainaithníodh i gcomhar le heagraíochtaí neamhrialtasacha do dhaoine LADTI+ agus bunaithe ar an anailís tírdhreacha a choimisiúnaigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ar an taighde agus na sonraí atá ann cheana. | DJE (DCYA agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha do Dhaoine LADTI+) | | R1 | |
| 4.2 | Dul i ngleic leis na bearnaí sonraí atá ann san fhaisnéis faoi shaincheisteanna a bhaineann le daoine LADTI+ i gcomhar leis an obair atá ar bun chun léarscáiliú agus úsáid sonraí a chur ar aghaidh faoin Straitéis maidir le Lánpháirtiú Imirceach. | DJE | | R2 | |



An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine LADTI+

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 4.3 | Bunaithe ar Shuirbhé Náisiúnta, teacht ar bhonnlíne maidir le dearcthaí an phobail i leith féiniúlachtaí LADTI+ agus maidir lena mhéid a ghlacann an pobal le féiniúlachtaí LADTI+. | DJE (Eagraíochtaí Neamhrialtasacha do Dhaoine LADTI+) | | R1 | |
| 4.4 | A chinntiú go ndéanfar sonraí imdhealaithe faoin bpobal LADTI+ agus faoi na riachtanais atá aige a bhailiú i suirbhéanna náisiúnta, nuair is iomchuí, agus breithniú a dhéanamh ar cheist maidir le gnéaschlaonadh/féiniúlacht inscne a chur ar áireamh i nDaonáireamh 2026. | DJE/CSO (Na Ranna Uile) | R4 | | |
| **5** | **Tá an beartas poiblí cuimsitheach i leith dearcthaí daoine LADTI+ agus ní dhéantar toimhdí heitreanormatacha ann** | | | | |
| 5.1 | An Dualgas Earnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a úsáid chun aird a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le daoine LADTI+ le linn an beartas earnála poiblí a fhorbairt nó a athbhreithniú, rud a bheidh bunaithe ar chomhairliúchán spriocdhírithe nuair is gá. | Na Ranna Uile | | R1 | |
| **6** | **Tá fáil níos leithne ag daoine LADTI+ ar thacaí pobail.** | | | | |
| 6.1 | Léarscáiliú digiteach a dhéanamh ar sheirbhísí agus cistiú don phobal LADTI+, áit a dtabharfar aird ar thosca trasnacha éagsúla ar mhaithe le dul i ngleic le bearnaí. | DJE/DRCD (Eagraíochtaí Neamhrialtasacha do Dhaoine LADTI+) | | R1 | |
| 6.2 | Cistiú a mhéadú do sheirbhísí pobail do dhaoine LADTI+ chun a chinntiú go mbeidh na seirbhísí atá ann cheana inbhuanaithe agus go mbeidh cistiú ar fáil chun seirbhísí breise a fhorbairt, bunaithe ar na bearnaí a sainaithníodh sa chleachtadh léarscáilithe. | DPER/DRCD/ DJE | R4 | | |
| 6.3 | Bearta a dhéanamh chun a chinntiú go mbeidh an bonneagar pobail atá ann cheana cuimsitheach i leith daoine LADTI+ agus go nglacfaidh sé leo agus breithniú a dhéanamh ar phreabsheirbhísí a sholáthar do dhaoine LADTI+. | DRCD/DEASP | R4 | | |
| 6.4 | [Gníomh 6] den Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 a chur chun feidhme ar bhealach atá cuimsitheach i leith daoine LADTI+. | DTTAS/Spórt Éireann | | R1 | |
| 6.5 | Mar chuid den chuspóir leanúnach atá ann feabhas a chur ar an tuiscint i réimse an spóirt in Éirinn agus chun cinnteoireacht fhianaisebhunaithe níos fearr a chothú, imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann Monatóir Spóirt na hÉireann a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar leibhéil rannpháirtíochta gníomhaíche agus sóisialta sa spórt (obair dheonach, ballraíocht de chlubanna agus freastal ar imeachtaí spóirt) i measc an phobail LADTI+ agus ar shaincheisteanna a bhaineann le rannpháirtíocht den sórt sin. | DTTAS/Spórt Éireann | R4 | | |
| 6.6 | Dul i dteagmháil le líonraí atá ann cheana laistigh den earnáil feirmeoireachta chun cuimsiú daoine LADTI+ a chur chun cinn agus chun scoiteacht tuaithe a chomhrac. | DAFM (Eagraíochtaí Neamhrialtasacha do Dhaoine LADTI+) | | R1 | |
| **7** | **Tarraingítear aird ar an rannchuidiú dearfach a dhéanann an pobal LADTI+ le healaíona, cultúr agus spórt na hÉireann agus caomhnaítear stair na gluaiseachta LADTI+** | | | | |
| 7.1 | A chinntiú go gcothóidh ár bhforais chultúir caidreamh go réamhghníomhach leis an bpobal LADTI+ agus spreagadh a thabhairt d'fhorais chultúir náisiúnta rannchuidiú suntasach a dhéanamh leis an saothar staire agus cultúir a bhaineann le pobal LADTI+ na hÉireann a bhailiú, a léiriú agus a chur ar fáil. | DCHG/NMI/ NGI | R4 | | |
| 7.2 | Tacú le meitheal smaointe um stair agus cultúr an phobail LADTI+ a chruthú ar mhaithe le heolas agus acmhainní a chomhthiomsú ina leith sin, agus tacaíocht agus treoir á soláthar aici ag an am céanna. | DCHG/NMI/ NGI | | R1 | |
| 7.3 | An clár Gnó go hEalaíona a úsáid chun ealaíontóirí LADTI+ a chistiú agus chun infheictheacht dhearfach a chur chun cinn. | DCHG | R3 | | |
| 7.4 | Tacú le Féile Staire agus Cultúir an Phobail LADTI+ a reáchtáil ar feadh seachtaine ar fud na tíre sa bhliain 2020. | DCHG/NMI/ NGI | | R1 | |

| | | | An dáta a thosófar an gníomh | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **8** | **Aithnítear Éire mar cheann scríbe turasóireachta ina gcuirtear fáilte roimh dhaoine LADTI+** | | | | |
| 8.1 | Dearcthaí daoine LADTI+ a chomhtháthú isteach san oiliúint 'Sármhaitheasa Seirbhíse' a chuireann Fáilte Éireann ar fáil do sholáthraithe turasóireachta agus in aon athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar an mbeartas nó na caighdeáin atá i bhfeidhm. | DTTAS/Fáilte Éireann | | R1 | |
| 8.2 | Plé le cuimsiú daoine LADTI+ sa leagan deiridh den Straitéis Forbartha Féilte ó Fháilte Éireann. | DTTAS/Fáilte Éireann | R4 | | |
| 8.3 | Próifíl na hÉireann mar cheann scríbe ina gcuirtear fáilte roimh dhaoine LADTI+ a ardú agus a chur chun cinn tuilleadh agus iniúchadh a dhéanamh ar na tionscnaimh agus na deiseanna atá ann chun é sin a dhéanamh. | DTTAS/Turasóireacht Éireann/Fáilte Éireann | R4 | | |

| | Ag Fáil Cóir Chomhionann | Treoraí (Comhpháirtí) | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| **9** | **Tá daoine LADTI+ ar an eolas faoi na tacaí agus na sásraí sásaimh atá ar fáil dóibh i gcásanna ina ndearnadh idirdhealú** | | | | |
| 9.1 | Trí fheachtas faisnéise a sheoladh, feasacht a mhéadú ar an ról atá ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre maidir le déileáil le gearáin faoi idirdhealú faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann agus faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta. | DBEI | | R1 | |
| 9.2 | Comhairle dlí agus tathant saincheaptha a thabhairt do dhaoine LADTI+ trí shainchlinic comhairle dlí a sholáthar. | DJE/FLAC | | R2 | |
| **10** | **Tugtar sa reachtaíocht comhionannais cosaint fhollasach do dhaoine trasinscneacha, do dhaoine atá neamh-chomhréireach ó thaobh inscne de agus do dhaoine idirghnéasacha** | | | | |
| 10.1 | Athbhreithniú a dhéanamh ar na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta agus na hAchtanna um Stádas Comhionann chun a chinntiú go mbeidh cosaint fhollasach ar fáil do dhaoine trasinscneacha, do dhaoine atá neamh-chomhréireach ó thaobh inscne de agus do dhaoine idirghnéasacha laistigh de na forais chomhionannais. | DJE | | R1 | |
| **11** | **Caitear le tuismitheoirí comhghnéis ar an mbealach céanna a chaitear le tuismitheoirí den dá ghnéas faoin dlí** | | | | |
| 11.1 | Codanna 2 agus 3 den Acht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015, a thosú. | DH | | R2 | |
| 11.2 | Rialacha Cúirte a thosú chun dearbhú tuismíochta a cheadú faoi alt 21 nó alt 22 den Acht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015. | An tSeirbhís Chúirteanna | | R2 | |
| 11.3 | Na hailt sin den Acht Uchtála (Leasú), 2017, nach bhfuil tosaithe go fóill a thosú de réir mar a bhaineann siad le leanaí deontóir-ghinte. | DCYA | R4 | | |
| 11.4 | Na hailt sin den Acht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015, nach bhfuil tosaithe go fóill a thosú. | DJE | | R3 | |
| 11.5 | Feachtas faisnéise spriocdhírithe a fhorbairt don phobal LADTI+, áit a bpléifear leis na forálacha atá san Acht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015, agus leis an tionchar atá acu ar thuismitheoirí comhghnéis agus ar dhaoine a bhfuil tuismíocht á pleanáil acu. | DH/DEASP/DJE | | R3 | |
| 11.6 | Reachtaíocht um Atáirgeadh Daonna Cuidithe a thabhairt isteach, rud a bheidh ar fáil, faoi réir fhorálacha na reachtaíochta, ar bhonn cothrom agus neamh-idirdhealaitheach do dhaoine beag beann ar a n-inscne, a stádas pósta agus a ngnéaschlaonadh. | DH | | R2 | |
| 11.7 | Tograí reachtacha a thabhairt ar aghaidh lena bhforálfar do shaoire uchtaíoch agus sochar uchtaíoch a thabhairt do lánúineacha uchtaíocha fireannacha comhghnéis. | DJE | | R2 | |





| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **12** | **Tugtar tacaíocht do dhaoine trasinscneacha agus cuíchóirítear próisis riaracháin, agus príobháideacht an duine á cothabháil ag an am céanna** | | | | |
| 12.1 | Tuarascáil a chur faoi bhráid gach Tí den Oireachtas maidir le fionnachtana an athbhreithnithe ar an Acht um Inscne a Aithint, 2015, agus maidir leis na tátail a baineadh as na fionnachtana. | DEASP | R4 | | |
| 12.2 | A chinntiú go ndéanfaidh gach Roinn/comhlacht ábhartha Rialtais scrúdú ar an dóigh ar féidir próisis riaracháin a chuíchóiriú tar éis Deimhniú Aitheantais Inscne a fháil agus, ar an mbealach sin, feabhas a chur ar an nasc idir na Ranna agus laghdú a dhéanamh ar na costais ar dhoiciméid oifigiúla a athsholáthar, agus príobháideacht an duine á cothabháil ag an am céanna. | DJE/DEASP (Na Ranna Rialtais/Gníomhaireachtaí Stáit Ábhartha Uile) | | R1 | |
| **13** | **Tugtar tacaí do dhaoine atá i mbaol méadaithe il-idirdhealú agus imeallú dúbailte a fhulaingt, lena n-áirítear daoine scothaosta, imircigh, daoine den lucht siúil, daoine faoi mhíchumas agus príosúnaigh atá sa phobal LADTI+** | | | | |
| 13.1 | Cláir agus bearta a dhearadh agus a chur chun feidhme chun dul i ngleic le hidirdhealú trasnach i gcomhpháirt le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus spriocphobail. | DJE (Eagraíochtaí Neamhrialtasacha do Dhaoine LADTI+/Gníomhaireachtaí Stáit Ábhartha) | R4 | | |
| 13.2 | A chinntiú go ndéanfar cearta agus éagsúlacht na ndaoine a úsáideann seirbhísí do dhaoine LADTI+ a urramú agus a chur chun cinn mar chuid den Chreat Náisiúnta um Chaighdeáin Cháilíochta le haghaidh seirbhísí do dhaoine gan dídean. | DHPLG | R4 | | |
| | ***Príosúnaigh LADTI+*** | | | | |
| 13.3 | Beartas socrúcháin agus cóiríochta a fhorbairt chun cur leis an dea-chleachtas atá ann cheana maidir le cóiríocht a thabhairt do phríosúnaigh shoghonta, daoine LADTI+ ina measc, agus chun an dea-chleachtas sin a léiriú. | DJE/IPS | | R1 | |
| 13.4 | Oiliúint feasachta agus íogaireachta a chur ar bhaill foirne – lena n-áirítear Oifigigh Phríosúin faoi Oiliúint – i saincheisteanna a bhaineann le daoine LADTI+, oiliúint ghinearálta a chur ar gach ball foirne mar chuid d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach, agus oiliúint spriocdhírithe a chur ar Oifigigh ar leith, i gcás gurb ann do riachtanas oibríochtúil ina leith sin. | DJE/IPS | | R2 | |
| 13.5 | Breithniú a dhéanamh ar thacaí pobail 'ionrochtana' agus piarthacaí do dhaoine LADTI+ agus litríocht faisnéise/áineasa do dhaoine LADTI+ a sholáthar. | DJE/IPS | | R4 | |

| | **Sláintiúil** | **Treoraí (Comhpháirtí)** | **An dáta a thosófar an gníomh** 20 19 | 20 20 | 20 21 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| **14** | **Cuirtear oiliúint ar sholáthraithe agus cleachtóirí cúram sláinte chun féiniúlachtaí agus riachtanais a gcuid othar ar daoine LADTI+ iad a thuiscint agus chun toimhdí heitreanormatacha a sheachaint** | | | | |
| 14.1 | Rannpháirtíocht sa mhodúl oiliúna i saincheisteanna a bhaineann le daoine LADTI+, ar modúl ríomhfhoghlama é atá mar chuid de thairseach Ríomhfhoghlama agus Forbartha Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSELand), a chur chun cinn faoin Straitéis Oiliúna um Shláinte Ghnéasach a Chur Chun Cinn. An modúl a chur ar áireamh i gclár ionduchtúcháin foirne Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus é a chur ar fáil lena óstáil ar ardáin eile, de réir mar is cuí. | DH/HSE | R4 | | |
| 14.2 | Oiliúint i sláinte ghnéasach a chur chun cinn a thabhairt isteach do ghairmithe san earnáil óige agus in earnálacha eile, do dhaoine a oibríonn le grúpaí atá i mbaol agus do thuismitheoirí. | DH/HSE | | R3 | |
| 14.3 | Oiliúint feasachta ar shaincheisteanna a bhaineann le daoine LADTI+ a chur ar bhaill foirne a oibríonn i seirbhísí meabhairshláinte ar fud na tíre. | DH/HSE | | R4 | |
| 14.4 | Tacú le hábhair threorach agus oiliúna a chomhullmhú atá dírithe ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialta a oibríonn i seirbhísí do dhaoine scothaosta chun a chinntiú go mbeidh ag gairmithe an t-eolas, na scileanna agus an mhuinín a theastaíonn chun freastal ar na riachtanais atá ag na daoine scothaosta LADTI+ atá faoina gcúram. | DH/HSE | | R2 | |
| **15** | **Sa bheartas sláinte, tugtar aird ar riachtanais gach grúpa den daonra, lena n-áirítear an pobal LADTI+** | | | | |
| 15.1 | An Straitéis Náisiúnta um Shláinte Ghnéasach a athrú chun dáta sa bhliain 2020 agus riachtanais an phobail LADTI+ a chur ar áireamh inti. | DH | AR BHONN LEANÚNACH | | |
| 15.2 | An clár uilechoiteann vacsaínithe HPV, ar clár atá neodrach ó thaobh inscne de é, a chur chun feidhme. | DH/HSE | | | |
| 15.3 | Agus caighdeáin á bhforbairt do sheirbhísí ionfhabhtaithe ghnéas-tarchurtha, aird a thabhairt ar riachtanais na ngrúpaí difriúla den daonra, lena n-áirítear an pobal LADTI+. | DH/HSE | R4 | | |
| 15.4 | Na srianta atá ann ar ghlacadh le deonú fola ó fhir a mbíonn gnéas acu le fir a choinneáil faoi athbhreithniú chun a chinntiú go mbeidh siad ag teacht leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta. | DH/IBTS | R4 | | |
| 15.5 | Faoin Straitéis Náisiúnta Drugaí dar teideal 'Dochar a Laghdú, Téarnamh a Chothú – freagairt atá faoi stiúir ag an tsláinte i leith úsáid drugaí agus alcóil in Éirinn 2017-2025', feabhas a chur ar an gcumas atá ag seirbhísí chun freastal ar riachtanais na n-úsáideoirí drugaí agus alcóil a thagann ó phobail shonracha, lena n-áirítear an pobal LADTI+. | DH/HSE | | R2 | |
| 15.6 | Tríd an mBonnchlár um Shláinte Ghnéasach a Chur Chun Cinn do ghairmithe, a chinntiú go nglacfar cur chuige iomlánaíoch duinelárnach i leith sláinte ghnéasach, rud a chumhdaíonn na hinscní agus na tosca riosca uile, agus, ar an mbealach sin, a chinntiú go dtabharfar aghaidh go cuí ar riachtanais na mban leispiach agus déghnéasach. | DH/HSE | R4 | | |
| **16** | **Tugtar acmhainní dóthanacha do sheirbhísí sláinte gnéasaí agus tá siad ar fáil ar fud na hÉireann, lena n-áirítear i láithreacha tuaithe** | | | | |
| 16.1 | Cur i bhfeidhm an phlean vacsaínithe HPV a chistiú ar aon dul le beartas an Choiste Chomhairligh Náisiúnta um Imdhíonadh, lena n-áirítear cistiú a chur ar fáil d'altraí vacsaínithe sna blianta 2019 agus 2020. | DH/HSE | R4 | | |
| 16.2 | Oiliúint Comhairleoirí Sláinte Gnéasaí a fhorbairt agus a sholáthar d'altraí ar fud seirbhísí ionfhabhtaithe ghnéas-tarchurtha/seirbhísí VEID, seirbhísí sláinte do mhic léinn, seirbhísí príosúin agus andúile agus cúram príomhúil. | DH/HSE | R4 | | |
| 16.3 | Líonra Comhairleoirí Sláinte a bhunú chun tacú le ról na gcomhairleoirí sláinte gnéasaí. | DH/HSE | | R3 | |





| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 16.4 | Obair i gcomhar le clinicí poiblí ionfhabhtaithe ghnéas-tarchurtha chun réitigh a shainaithint agus a chur chun feidhme ar mhaithe le héifeachtúlachtaí a mhéadú agus, ar an mbealach sin, acmhainn a fheabhsú laistigh de na hacmhainní atá ar fáil faoi láthair, go háirithe maidir le liostaí feithimh a laghdú, freastal ar thuilleadh othar siúil isteach agus conairí cúram othar a mhéadú (e.g. scagthástáil fhéintógtha a thabhairt isteach d'othair aisiomptómacha). | DH/HSE | | R2 | |
| 16.5 | Rannán ar a dtugtar faisnéis chliniciúil agus treoirlínte cliniciúla do ghairmithe cúram sláinte maidir le tástáil agus bainistíocht ionfhabhtuithe ghnéas-tarchurtha a áireamh ar www.sexualwellbeing.ie. | DH/HSE | | R2 | |
| 16.6 | An fhaisnéis do lia-chleachtóirí ginearálta maidir le bainistíocht ionfhabhtuithe ginitiúla a thabhairt cothrom le dáta gach bliain ar an suíomh Gréasáin um antaibheathaigh a oideasú atá á reáchtáil ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. | DH/HSE | ✓ | ✓ | ✓ |
| **17** | **Cuirtear an pobal LADTI+ in Éirinn, go háirithe fir a mbíonn gnéas acu le fir, ar an eolas faoi na rioscaí a bhaineann le VEID agus ionfhabhtuithe ghnéas-tarchurtha eile a tholgadh agus faoin tábhacht a bhaineann le tástáil rialta.** | | | | |
| 17.1 | Cláir agus feachtais for-rochtana spriocdhírithe um shláinte ghnéasach a sholáthar do ghrúpaí atá i mbaol. | DH/HSE | R4 | | |
| 17.2 | Feachtais fógraíochta phoiblí um shláinte ghnéasach agus 'gnéas níos sábháilte' a chur chun cinn chun aosaigh atá gníomhach go gnéasach a spreagadh gnéas níos sábháilte a bheith acu, agus comhairle á tabhairt ag an am céanna ar fhrithghiniúint agus ar ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha. | DH/HSE | R4 | | |
| 17.3 | Seirbhísí dáileadh coiscíní a leathnú, áit a ndíreofar ar dtús ar na daoine atá sa bhaol is mó. | DH/HSE | R4 | | |
| 17.4 | Ag gníomhú trí chomhpháirtithe ar eagraíochtaí neamhrialtasacha iad, tástáil VEID sa phobal a leathnú chuig pobail atá i mbaol méadaithe VEID a tholgadh, go háirithe fir a mbíonn gnéas acu le fir agus imircigh. | DH/HSE | | R2 | |
| 17.5 | Bunú an Choiste Sláinte um Fhir a mbíonn Gnéas acu le Fir a chur ar aghaidh faoin gClár um Shláinte Ghnéasach agus Toirchis Ghéarchéime sa bhliain 2019 agus feachtais agus teachtaireachtaí spriocdhírithe a sheoladh tríd an suíomh Gréasáin agus trí na meáin shóisialta. | DH/HSE | R4 | | |
| 17.6 | Trí www.Man2Man.ie, leanúint le teachtaireachtaí tábhachtacha faoi thástáil ionfhabhtaithe ghnéas-tarchurtha/úsáid coiscíní a chur chun cinn agus a oiriúnú lena scaipeadh thar na meáin shóisialta, sa phobal agus in ionaid tionóil shóisialta. | DH/HSE | R4 | | |
| 17.7 | Bunaithe ar fheachtais amhail RespectProtect ar Twitter agus an suíomh Gréasáin Man2Man, feachtais náisiúnta a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir le VEID agus ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha eile a chosc. | DH/HSE | R4 | | |
| 17.8 | An staidéar ar a ullmhaithe atá clinicí poiblí ionfhabhtaithe ghnéas-tarchurtha don chlár próifiolacsais réamhnochta (PrEP) a chur chun feidhme a chur i gcrích ar aon dul leis na Caighdeáin um Sholáthar Seirbhíse Próifiolacsais Réamhnochta le haghaidh VEID chun riachtanais chumais agus acmhainní a shoiléiriú ar fud seirbhísí poiblí ionfhabhtaithe ghnéas-tarchurtha in Éirinn agus chun bonn eolais a chur faoi leithdháileadh acmhainní. | DH/HSE | R4 | | |
| 17.9 | An plean le haghaidh próifiolacsas réamhnochta a sholáthar ar fud na tíre a chríochnú bunaithe ar an moladh dearfach a d'eascair as an measúnú teicneolaíochta sláinte ó HIQA. | DH/HSE | R4 | | |
| **18** | **Tugtar tacaíocht do dhaoine in Éirinn a bhfuil VEID orthu agus ní chaitear stiogma leo** | | | | |

| | | | An dáta a thosófar an gníomh | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 18.1 | Feachtas a fhorbairt maidir leis an stiogma a bhaineann le VEID, áit a ndíreofar go láidir ag an leibhéal cathrach ar na cathracha sin atá cláraithe le tionscnamh na mearchathracha. Beidh sé mar aidhm leis an bhfeachtas stiogma náisiúnta feasacht a mhéadú ar tharchur VEID agus ar a éifeachtaí atá cóireáil VEID do dhaoine a bhfuil VEID orthu maidir le iad a chumasú saol sláintiúil a chaitheamh agus maidir lena chinntiú nach dtarchuirfear an galar ar aghaidh chuig daoine eile. Beidh sé mar aidhm leis freisin tástáil VEID a chur chun cinn ionas gur féidir daoine a bhfuil VEID orthu agus nár diagnóisíodh go bhfuil VEID orthu go fóill a chur i dteagmháil go pras le seirbhísí cóireála. | DH/HSE | AR BHONN LEANÚNACH | | |
| **19** | **Tá ag daoine atá ag iarraidh inscne a athrú rochtain thráthúil ar chóireáil atá ag teacht leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta** | | | | |
| 19.1 | Sainbhaill foirne bhreise a earcú sa réimse seo, lena n-áirítear inchríneolaithe, oibrithe sóisialta, teiripeoirí urlabhra agus teanga, síceolaithe sinsearacha, altraspeisialtóirí cliniciúla agus oifigigh thacaíochta riaracháin. | DH/HSE | R4 | | |
| 19.2 | Leanúint le seirbhísí sláinte trasinscní a fhorbairt do leanaí agus aosaigh in Éirinn, agus conair aistrithe shoiléir ann idir seirbhísí do leanaí agus seirbhísí d'aosaigh. | DH/HSE | R4 | | |
| 19.3 | Tríd an gCoiste Stiúrtha um Fhéiniúlacht Inscne, ar coiste a bhfuil teorainn ama ann lena thréimhse feidhme é, seirbhís chomhtháite rianúil a fhorbairt do dhaoine a bhfuil fadhbanna féiniúlachta inscne acu a thagann i dteagmháil le seirbhís sláinte na hÉireann. Agus é faoi chathaoirleacht ag an Treoraí Cliniciúil um Meabhairshláinte, tá téarmaí tagartha sainithe, tréimhse ama ar laistigh di a oibreoidh sé agus caidreamh tuairiscithe soiléir leagtha síos don Choiste Stiúrtha. Áirítear leis na comhaltaí den Choiste Stiúrtha saineolaithe i bhféiniúlacht inscne, ionadaithe ó sheirbhísí péidiatracha agus ó sheirbhísí d'aosaigh (idir sheirbhísí inchríneolaíochta agus sheirbhísí síciatrachta), ionadaithe ó ghrúpaí tathanta agus úsáideoirí seirbhíse. | DH/HSE | | | |
| 19.4 | Treoirlínte soiléire a thabhairt do chleachtóirí sláinte maidir le conairí le haghaidh daoine óga trasinscneacha agus a dteaghlach a atreorú chuig sainseirbhísí. | DH/HSE | | R3 | |
| **20** | **Tá sonraí níos fearr ar fáil faoi leitheadúlacht na riochtaí idirghnéasacha in Éirinn agus déantar breithniú ar rialachas cliniciúil cuí i gcomhthéacs fianaise agus treoirlínte idirnáisiúnta** | | | | |
| 20.1 | Cleachtadh scóipe a sheoladh ar riochtaí idirghnéasacha in Éirinn chun leitheadúlacht na riochtaí agus an cleachtas reatha agus rialachas cliniciúil ina leith a dhéanamh amach agus a dhoiciméadú agus an méid sin a chur i gcomparáid le fianaise agus treoirlínte idirnáisiúnta. Tiocfaidh moltaí tábhachtacha as an gcleachtadh scóipe sin agus tá seans ann go molfar go mbunófaí sainghrúpa oibre chun treoirlínte cliniciúla a fhorbairt. | DH/HSE/DJE | | | R1 |





An dáta a thosófar an gníomh

| | **Sábháilte agus Faoi Thacaíocht** | **Treoraí (Comhpháirtí)** | **2019** | **2020** | **2021** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| **21** | **Tá reachtaíocht láidir agus tacaí láidre i bhfeidhm in Éirinn chun an fhuathchoireacht a chomhrac agus spreagtar daoine chun teagmhais fuathchóireachta a thuairisciú** | | | | |
| 21.1 | Tograí reachtacha a thabhairt ar aghaidh chun a chinntiú go dtabharfar inár ndlíthe aghaidh chuí ar an bhfuath agus ar fhuathchoireanna in aghaidh daoine LADTI+. | DJE | R4 | | |
| 21.2 | Córas PULSE an Gharda Síochána a athrú chun dáta chun go n-áireofar leis an chatagóir "Fuathchoireacht" agus fochatagóirí amhail gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne. | AGS | | R4 | |
| 21.3 | Córas lánfheidhmiúil ar líne a chur chun feidhme le haghaidh fuathchoireanna a thuairisciú. | AGS | | R4 | |
| 21.4 | Méadú suntasach a dhéanamh ar an líon fuathchoireanna a thuairiscíonn daoine den phobal LADTI+ don Gharda Síochána mar thoradh ar an gcaidreamh níos oscailte a bheidh ann eatarthu. | AGS | | R2 | |
| 21.5 | Tosú ar staidreamh a fhoilsiú faoi theagmhais thaifeadta fuathchoireachta. | AGS/CSO (DJE) | | | R1 |
| **22** | **Tugtar tacaíocht chuí d'íospartaigh LADTI+ na coireachta agus cuirtear iad ar áireamh i soláthar seirbhíse príomhshrutha atá bunaithe ar struchtúir fhoirmiúla chomhairliúcháin leis an nGarda Síochána agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile** | | | | |
| 22.1 | Oiliúint atá cothrom le dáta a chur ar chomhaltaí den Gharda Síochána i saincheisteanna a théann i bhfeidhm ar an bpobal LADTI+. | AGS | | R4 | |
| 22.2 | A chinntiú go mbeidh bealaí oscailte cumarsáide ann idir daoine den phobal LADTI+ agus comhaltaí sainoilte den Gharda Síochána. | DJE | | R1 | |
| 22.3 | Saincheisteanna a bhaineann le daoine LADTI+ a áireamh i gcur chun feidhme an Dara Straitéis Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe. | DJE | R4 | | |
| **23** | **Tugtar tacaíocht d'iarrthóirí tearmainn LADTI+ agus caitear go híogair leo laistigh den Phróiseas um Chosaint Idirnáisiúnta agus den Chóras Soláthair Dhírigh** | | | | |
| 23.1 | Mórbheartas a fhorbairt le haghaidh saincheisteanna a bhaineann le daoine LADTI+, lena n-áirítear beartas um chóiríocht do dhaoine trasinscneacha. Beidh sé mar aidhm leis an mórbheartas sin comhionannas a chur chun cinn, aird a thabhairt ar fhéiniúlacht fhéinsocraithe agus a chinntiú go gcuirfear sábháilteacht agus folláine na gcónaitheoirí uile chun cinn. | DJE | | R1 | |
| 23.2 | Na caighdeáin náisiúnta maidir leis an gcóiríocht a thairgtear do dhaoine sa phróiseas um chosaint idirnáisiúnta a thabhairt chun críche agus a ghlacadh. | DJE | R4 | | |
| 23.3 | Leanúint de bheith ag obair le hOifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:<br><br>• Faireachán/Athbhreithniú a dhéanamh ar an dóigh a láimhseáiltear iarratais a bhaineann le gnéaschlaonadh agus/nó féiniúlacht inscne laistigh den Phróiseas um Chosaint Idirnáisiúnta<br><br>• Mar chuid de chláir leanúnacha oiliúna, a chinntiú go gcuirfear oiliúint inniúlachta cultúrtha atá cothrom le dáta i saincheisteanna a bhaineann le daoine LADTI+ ar bhaill foirne a oibríonn laistigh den Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta | DJE | R4 | | |

| | | | An dáta a thosófar an gníomh | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **24** | **Imscrúdaítear cleachtadh na teiripe iompaithe in Éirinn agus cuirtear frithbhearta cuí i bhfeidhm ina leith ansin** | | | | |
| 24.1 | I gcomhthéacs an ghealltanais atá sa Straitéis Óige Náisiúnta LGBTI+ maidir le cur chun cinn nó cleachtadh na teiripe iompaithe, leanúint le taighde a dhéanamh chun a fháil amach cá mhéad a bhíonn an cleachtadh sin á shaothrú in Éirinn agus athbhreithniú a dhéanamh ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta maidir le freagairt don chleachtadh, lena n-áireofar na freagairtí reachtacha atá ar bun i dtíortha eile. | DJE | | R3 | |
| 24.2 | Bunaithe ar fhionnachtana an taighde thuas, bearta cuí a fhorbairt lena gcur chun feidhme chun freagairt don chleachtadh. | DJE (Na Ranna Uile) | | | R4 |
| **25** | **Leanann Éire le saincheisteanna a bhaineann le cearta daoine LADTI+ a tharraingt anuas ar leibhéal idirnáisiúnta agus tacaíonn sí le Cosantóirí Chearta an Duine agus le grúpaí sochaí sibhialta trí ambasáidí agus trí mhisin thar lear** | | | | |
| 25.1 | Leanúint le cearta daoine LADTI+ a chur chun cinn agus a chosaint mar chuid de bheartas eachtrach na hÉireann. | DFAT | R4 | | |
| 25.2 | Tacú le cearta daoine LADTI+ a chur chun cinn san obair iltaobhach a dhéanaimid ag eagraíochtaí de chuid na Náisiún Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh agus ag eagraíochtaí réigiúnacha amhail Comhairle na hEorpa agus Eagraíocht na Náisiún Aontaithe um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip, lena n-áirítear tacaíocht do rúin, ráitis agus imeachtaí lena gcuirtear cearta daoine LADTI+ chun cinn. | DFAT | R4 | | |
| 25.3 | Tacú leis an teagmháil le heagraíochtaí chearta an duine agus eagraíochtaí sochaí sibhialta a oibríonn ar fud an domhain agus i dtíortha comhpháirtíochta chun cearta daoine LADTI+ a chur chun cinn agus a chosaint. | DFAT | R4 | | |
| 25.4 | Tacú le for-rochtain ar dhaoine LADTI+ dár ndiaspóra trí thionscnaimh chistiúcháin amhail an Clár Tacaíochta Eisimirceach. | DFAT | R4 | | |
| **26** | **Is féidir le daoine LADTI+ taisteal go sábháilte agus le muinín** | | | | |
| 26.1 | Leanúint le hoiliúint a sholáthar d'oibreoirí iompair agus tiománaithe tacsaí, rud ina mbeidh comhpháirt feasachta agus íogaireachta i leith saincheisteanna a bhaineann le daoine LADTI+. | DTTAS/NTA | R4 | | |
| 26.2 | Leanúint le beartais chomhionannais agus sásraí gearáin a chur chun cinn i measc taistealaithe. | DTTAS/NTA | R4 | | |
| 26.3 | Feabhas a chur ar an dóigh a mbailíonn oibreoirí iompair sonraí faoi ghearáin a bhaineann le comhionannas/idirdhealú. | DTTAS/NTA | | R1 | |
| 26.4 | Leanúint le comhairle agus faisnéis taistil a thabhairt do shaoránaigh na hÉireann agus iad ag taisteal thar lear, go háirithe agus iad i dtíortha ina bhféadfadh go mbeadh tionchar diúltach ag na dlíthe agus na dearcthaí atá i réim i leith saincheisteanna a bhaineann le daoine LADTI+ ar a sábháilteacht agus ar a dtaisteal. | DFAT | R4 | | |



# Aguisíní

# Aguisíní

## Aguisín A – Acrainmneacha a úsáidtear sa Straitéis

| Acrainm | Roinn/Gníomhaireacht |
|---|---|
| AGS | An Garda Síochána |
| BAI | Údarás Craolacháin na hÉireann |
| CSO | An Phríomh-Oifig Staidrimh |
| DAFM | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara |
| DBEI | An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta |
| DCHG | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta |
| DCYA | An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige |
| DEASP | An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí |
| DES | An Roinn Oideachais agus Scileanna |
| DFAT | An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála |
| DH | An Roinn Sláinte |
| DHPLG | An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil |
| DJE | An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais |
| DPER | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| DRCD | An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail |
| DTTAS | An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt |
| HIQA | An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte |
| HSE | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| IBTS | Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann |
| ICTU | Comhdháil na gCeardchumann |
| IPS | Seirbhís Phríosúin na hÉireann |
| NGI | Gailearaí Náisiúnta na hÉireann |
| Eagraíochtaí Neamhrial-tasacha | Eagraíochtaí Neamhrialtasacha |
| NMI | Ard-Mhúsaem na hÉireann |
| NTA | An tÚdarás Náisiúnta Iompair |
| PAS | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí |
| RTÉ | Raidió Teilifís Éireann |
| WRC | An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre |





# Aguisíní

## Aguisín A – Acrainmneacha a úsáidtear sa Straitéis

| Acrainm | Téarma Iomlán |
|---|---|
| AHR | Atáirgeadh Daonna Cuidithe |
| VEID | Víreas easpa imdhíonachta daonna |
| HPV | Papalómaivíreas daonna |
| LADTI+ | Leispiach, Aerach, Déghnéasach, Trasinscneach agus Idirghnéasach, áit a seasann an comhartha + don speic-tream níos leithne cineálacha gnéaschlaonta agus féiniúlachta inscne |
| MSM | Fir a mbíonn gnéas acu le fir |
| NIAC | An Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh |
| PrEP | Próifiolacsas Réamhnochta |
| SHCPP | An Clár um Shláinte Ghnéasach agus Toirchis Ghéarchéime |
| STI | Ionfhabhtú Gnéas-Tarchurtha |

## Aguisín B – An Comhaltas den Choiste Comhairleach

| |
|---|
| **Cathaoirleach** – David Stanton TD, an tAire Stáit sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais le freagracht speisialta as Comhionannas, Inimirce agus Imeascadh |
| Amanda Bane, An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála |
| Carol Baxter, An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais |
| Colette Bonner, An Roinn Sláinte |
| Darragh Brennan, An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais |
| Oonagh Buckley, An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais |
| Ciara Carberry, An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais |
| Niall Colgan, An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais |
| Marty Cooke, Outwest |
| Paula Fagan, LADT Éireann |
| Breda Farrell, An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt |
| Adam Flanagan, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| Bill Foley, Líonra Sláinte na nDaoine Aeracha |
| Michael Garvey, An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais |
| Jennifer Gilna, An tÚdarás Náisiúnta Iompair |

# Aguisíní

## Aguisín B – An Comhaltas den Choiste Comhairleach

| |
|---|
| Mary Hurley, An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil |
| Caroline Keane, Cónaidhm Náisiúnta na nDaoine LADT |
| Cameron Keighron, Amach! LADT+ |
| John Kennedy, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta |
| Neville Kenny, An Roinn Oideachais agus Scileanna |
| David Lawler, An Roinn Cosanta |
| Margaret Lawlor, An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta |
| Barbara Leeson, An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil |
| An Leifteanantchoirnéal John Martin, Óglaigh na hÉireann |
| Margaret McCarthy, An Roinn Oideachais agus Scileanna |
| Patrick McElligott, GOSHH |
| Lisa McKenny, BeLonG to Youth Services |
| Pádraig McMahon, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara |
| Mary McSharry, An Roinn Airgeadais |
| Caroline Mellows, An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais |
| Kate Moynihan, LINC |
| Éilis O'Connell, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara |
| Megan O'Dowd, An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais |
| Stephen O'Hare, TENI |
| Conor O'Reilly, An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí |
| Aaron O'Sullivan, An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais |
| Linda O'Sullivan, An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige |
| Bernardine Quinn, Outcomers |
| Bernie Reape, An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail |
| Pádraig Rice, Tionscadal na nDaoine Aeracha |
| George Robotham, Outhouse |





# Aguisíní

## Aguisín C – Liosta na Daoine a Chuir Aighneachtaí i Scríbhinn Isteach

| Liostaítear sa tábla thíos na daoine a chuir aighneachtaí i scríbhinn isteach mar chuid den phróiseas comhairliúcháin. |
|---|
| Éilis Barry, FLAC |
| Stephen Bonnlander |
| Nerilee Ceatha |
| Laura Louise Condell |
| Paula Fagan, LADT Éireann |
| Ivan Fahy |
| Judith Finlay |
| Luke Hamilton, Comhairle Dídeanaithe na hÉireann |
| Louise Hannon |
| Tomás Heneghan |
| Matt Kennedy, BeLonG to Youth Services |
| Adam Long agus Caroline Keane, Cónaidhm Náisiúnta na nDaoine LADT |
| Suzi Lyons, An Bord Taighde Sláinte |
| Ludovico Martone |
| Patrick McElligott, GOSHH |
| Eddie McGuinness, Bród LADTA Bhaile Átha Cliath |
| Cormac McKay |
| Naomhán Mooney |
| Kate Moynihan, LINC |
| Kery Mullaly, Bród Chorcaí |
| An Dr Tanya Ní Mhuirthile, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath |
| Donnchadh Ó Laoghaire TD agus an Seanadóir Fintan Warfield, Sinn Féin |
| Zeldine O'Brien |
| Stephen O'Hare agus Ellen Murray, TENI |
| Jean Power |
| Pádraig Rice, Tionscadal na nDaoine Aeracha |
| Philippa Ryder, Bród Spóirt Éireann |
| Fergus Ryan, Ollscoil Mhá Nuad |
| Justine Schönfeld-Quinn |
| Noel Sutton, Líonra Sláinte na nDaoine Aeracha |
| An Comh. Francis Timmons |
| Robert Wright |

# Aguisíní

## Aguisín D – Na Daoine a Rannchuidigh leis an bPróiseas Idir-Rannach Forbartha Straitéisí

| Roinn/Gníomhaireacht | Ionadaí |
|---|---|
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | Pádraig McMahon<br>Éilis O'Connell |
| An Garda Síochána | Kevin Daly<br>David McInerney<br>Rose Sweeney |
| Údarás Craolacháin na hÉireann | Stephanie Comey |
| An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta | Tara Coogan<br>Margaret Lawlor |
| An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | Linda O'Sullivan |
| An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil | Barbara Leeson<br>Dualta Ó Broin<br>Brendan O'Reilly |
| An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta | John Kennedy |
| An Roinn Cosanta | David Lawler |
| Óglaigh na hÉireann | John Martin |
| An Roinn Oideachais agus Scileanna | Neville Kenny<br>Margaret McCarthy |
| An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí | Donncha de Búrca<br>David Dillon<br>Rónán Hession<br>Conor O'Reilly |
| Fáilte Éireann | Gráinne Millar<br>Ciara Sugrue |
| An Roinn Airgeadais | Mary McSharry |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | Amanda Bane<br>Kevin Byrne<br>Ann Derwin<br>Rory Geraghty<br>Austin Gormley |
| An Roinn Sláinte | Colette Bonner<br>Aoife Brennan<br>Paul Ivory<br>Colm McGennis<br>Rory O'Callaghan |
| An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil | Mary Hurley<br>David Kelly |



An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine LADTI+

Aguisíní

Aguisín D – Na Daoine a Rannchuidigh leis an bPróiseas Idir-Rannach Forbartha Straitéisí

| Roinn/Gníomhaireacht | Ionadaí |
|---|---|
| An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais | Carol Baxter<br>Darragh Brennan<br>Oonagh Buckley<br>Patricia Butler<br>Garrett Byrne<br>Ciara Carberry<br>Niall Colgan<br>Rachel Dunn<br>Adam Egan<br>Michael Garvey<br>Caroline Mellows<br>Brian Merriman<br>Megan O'Dowd<br>Richard O'Neill<br>Aaron O'Sullivan<br>Louise Sandom<br>Sarah Sheppard |
| Gailearaí Náisiúnta na hÉireann | Kate Drinane |
| Ard-Mhúsaem na hÉireann | Judith Finlay |
| An tÚdarás Náisiúnta Iompair | Jennifer Gilna |
| An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | Deirdre Toomey |
| An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | Adam Flanagan<br>Michael Ganly<br>Róisín Walsh |
| RTÉ | Vivienne Flood<br>Zbysek Zalinski |
| An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail | Paul Geraghty<br>Bairbre Nic Aongusa<br>Bernie Reape<br>Lisa Keaveney |
| Spórt Éireann | Colin Murphy |
| Turasóireacht Éireann | Nicola Allen |
| An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | Breda Farrell<br>Siobhán Nic Thighearnáin |

www.justice.ie

An RoinnDlí agus Cirt
agus Comhionannais

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland